



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Treochlár um ghlacadh níos mó le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála i soláthar Tithíochta Poiblí

**Gníomh Tosaíochta maidir le
Tithíocht do Chách 13.2**

Clár ábhair

Brollach	3
Achoimre Feidhmiúcháin	4
Treochlár Achoimrithe	7
Réamhrá	9
1. Cuir chuige sholáthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thuilleadh chun Modhanna Nua-Aimseartha Tógála a chumasú	15
2. Rialacháin agus Caighdeáin	23
3. Caipiteal, Airgeadas, agus Árachas	29
4. Modhanna Nua-Aimseartha Forbartha Scileanna Tógála	32
5. Iomaíochas agus Cumas Tionscail	36
6. Cur i bhFeidhm agus Cumarsáid Éifeachtach Bheartais	42

Brollach


Léiríonn Nuashonrú Phlean Gníomhaíochta *Tithíocht do Chách* an Rialtais go bhfuil géarghá le sreabhadh leanúnach agus luathaithe nuálaíochtaí comhlíontacha agus ardchaighdeán a chumasú sa tógáil, lena n-áirítear modhanna nua-aimseartha tógála (MNT), go háirithe sa tógáil chónaithe. Déantar é sin chun soláthar spriocanna *Tithíocht do Chách* agus claochlú leanúnach na hearnála tógála a chinntiú. Éascaíonn sé freisin iarrachtaí chun tionchair comhshaoil carbóin chorpraithe agus saolré na tógála a laghdú.

Aithnítear sa *Treochlár um ghlacadh níos mó le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála i soláthar Tithíochta Poiblí* go gcaithfidh an Rialtas dea-shampla a thabhairt maidir leis na modhanna tógála is úire agus is éifeachtúla a chur chun cinn i seachadadh tithíochta. Agus é sin á dhéanamh, ní mór dó cabhrú freisin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chruthaíonn bacainní iontrála le haghaidh réitigh nuálacha i seachadadh tithíochta.

Léiríonn na moltaí a sainaitníodh sa *Treochlár* an gá atá le gníomhaíocht chomhchoiteann ar fud chóras na tógála, lena n-áirítear gníomhaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil príobháideach, chun na dálaí a chruthú chun go mbeidh rath ar MNT. Príomhbheart chun tacú leis an tionscnamh is ea clár seachadta luathaithe atá á mhaoirsiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ina gcuirfear tús le breis agus 1,500 teach sóisialta nua a thógáil le linn 2023 agus 2024, ina mbainfear úsáid as modhanna nua-aimseartha éagsúla córais tógála (MNT). Tá an clár oibre gníomhaíochta sin mar chuid den obair leanúnach leis an earnáil agus le comhpháirtithe ar fud an Rialtais, na hearnála príobháidí, an tsaoil acadúil agus eile chun leanúint ar aghaidh bealaí a aimsiú chun tithe a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, níos inbhuanaithe agus ar chostas níos ísle.

Ó cuireadh tús le *Tithíocht do Chách*, agus ag teacht leis an *Treochlár* seo, tá raon tionscnamh curtha chun cinn ag an Rialtas chun nuálaíocht agus táirgiúlacht a spreagadh sa tógáil; lena n-áirítear Ionad Teicneolaíochta *Construct Innovate*; tacaíochtaí nuálaíochta agus táirgiúlachta a chur i bhfeidhm do chuideachtaí tógála cónaithe atá dírithe ar an mbaile agus don slabhra soláthair déantúsaíochta lasmuigh den láthair faoin tionscnamh *Tógtha chun Nuála* de chuid Fhiontraíocht Éireann (FÉ); agus forbairt Páirce Taispeántais náisiúnta do MNT atá le teacht. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i gceannas ar Ghrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT tras-Roinne agus trasghníomhaireachta chun comhordú a chinntiú ar fud raon eintiteas agus tionscnamh MNT agus leanfaidh sí ar aghaidh bealaí a scrúdú chun glacadh nuálaíochta a chumasú tuilleadh i seachadadh tithíochta.

Simon Coveney TD



An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Darragh O' Brien TD



An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Achoimre Feidhmiúcháin

Is é an aidhm fhoriomlán atá le *Tithíocht do Chách* ná go mbeadh rochtain ag gach duine sa Stát ar theach le ceannach nó le fáil ar cíos ar phraghas réasúnta, atá tógtha ar ardchaighdeán agus san áit cheart, a chuireann ardchaighdeán maireachtála ar fáil.

Aithnítear in *Tithíocht do Chách*, chun an cuspóir sin a bhaint amach, nach mór go mbeadh sé d'acmhainn ag tionscal tógála na hÉireann na tithe nua riachtanacha a sholáthar chomh héifeachtach agus chomh hinbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus is féidir. Tá glacadh níos forleithne le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT), scáth-théarma do raon próiseas tógála nuálach, ina cholún lárnach de chur chuige an Rialtais maidir le glacadh nuálaíochta a mhéadú agus gnóthachain táirgiúlachta a bhaint amach i seachadadh tithíochta. Is ionann MNT agus claoclú suntasach leanúnach sa tógáil, a chuimsíonn leibhéal mhéadaithe déantúsaíochta agus chóimeála lasmuigh den láthair; teicneolaíochtaí, táirgí agus córais tógála nua; agus méadú ar an digitiú. Cé nach modhanna nua iad modhanna tógála lasmuigh den láthair atá bunaithe sa mhonarcha, tá dul chun cinn leanúnach teicneolaíochta, teacht an digitithe agus an riachtanas inbhuanaitheachta comhshaoil ag cur éabhlóid leanúnach na hearnála tógála chun cinn maidir le tithíocht ardchaighdeán a sholáthar.

Mar chineál tógála níos inbhuanaithe agus níos táirgiúla, cuireann glacadh forleathan MNT cuspóirí beartais náisiúnta eile chun cinn; lena n-áirítear an Páipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2030; Tionchar 2030, straitéis nuálaíochta náisiúnta na hÉireann; an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide; an Plean Forbartha Náisiúnta; an Straitéis Uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach; agus an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach.

Chun na tairbhí a bhaineann le cur chuige MNT a bhaint amach go hiomlán chun tithíocht chomhlíontach ardchaighdeán a sholáthar, ní mór coigeartú a dhéanamh ar fud an chórais. Leagann an tairbhí is déanaí sa Ríocht Aontaithe agus in áiteanna eile béim freisin ar a thábhachtaí atá sé samhlacha gnó athléimneacha a áirithiú chun tacú leis an aistriú chuig próisis MNT.

Faoi *Tithíocht do Chách*, tá raon tionscnamh ar bun chun tacú le nuálaíocht agus táirgiúlacht fheabhsaithe i seachadadh tithíochta lena n-áirítear: bunú Ionad Teicneolaíochta Construct Innovate faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe; feidhmiú céimneach 'Tógtha chun Nuála' de chuid Fhiontraíocht Éireann a leathnaíonn tacaíochtaí nuálaíochta agus claochlaithe gnó chuig an earnáil tógála cónaithe baile; forbairt Páirce Taispeántais náisiúnta do MNT atá le teacht i nDroim Cáithe, faoi stiúir Solas agus BOO Laoise-Uíbh Fhailí; agus tionscadal Build Digital faoi stiúir OT Bhaile Átha Cliath.

Leagtar amach sa doiciméad seo an treochlár maidir le glacadh níos mó MNT i seachadadh tithíochta poiblí. Léiríonn sé an ról is féidir a bheith ag soláthar poiblí maidir le claoclú córais a threorú. Mar

mhórsholáthraí seirbhísí tógála, tá láithreach shuntasach ag an Stát sa mhargadh. I gcomhthéacs na spriocanna soláthair tithíochta sóisialta agus inacmhainne in *Tithíocht do Chách*, beidh soláthar poiblí freagrach as cuid shuntasach den phíblíne éilimh do sheirbhísí tógála cónaithe sna deich mbliana amach romhainn. Agus aitheantas á thabhairt don deis a bhaineann le húsáid mhéadaithe MNT, ní mór ról lárnach a bheith ag soláthar poiblí maidir le héileamh an Stáit ar chuir chuige nuálacha a leagan amach chun seachadadh a fheabhsú agus chun dlús a chur leis na cumasóirí riachtanacha ar fud an chórais.

D'fhorbair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) an Treochlár do MNT i gcomhar leis an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT idir-rannach, rud a léiríonn nádúr trasghearrtha na hoibre. Is mórthionscnamh nuálaíochta agus claochlaithe san earnáil phoiblí é an t-aistriú chuig MNT a chur chun cinn, i gcomhar le cliaint san earnáil phríobháideach, foirne deartha, monaróirí agus tógálaithe, a leanfaidh de tacú leis an athrú ar an gcaoi a ndéantar tithíocht phoiblí a mheas agus a sholáthar. Cuideoidh an t-aistriú chuig MNT le costais a laghdú, amanna seachadta níos tapúla a spreagadh, agus táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na hearnála tógála a mhéadú, agus ardchaighdeán á choinneáil ag an am céanna. Tacóidh sé le méadú ar an éagsúlacht sa lucht saothair tógála, agus feabhsóidh sé torthaí inbhuanaitheachta agus geilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear laghdú dramhaíola ar an láthair agus lasmuigh den láthair.

Aithnítear sa Treochlár go bhfuil comhoibriú ríthábhachtach chun dul chun cinn a bhaint amach agus tá Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar an méid is féidir a dhéanamh chun glacadh forleathan MNT sa tógáil chónaithe in Éirinn a chur chun cinn.

Céim shuntasach i gcomhthéacs an Treochláir seo is ea feidhmiú céimneach an Chláir um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta faoi stiúir na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) agus na nÚdarás Áitiúil (*Tithíocht do Chách – Gníomh Tosaíochta 4.3*) atá dírithe ar sheachadadh 1,500 teach sóisialta ar a laghad a mbeidh tionchar ag cur chuige MNT sa tréimhse go dtí deireadh 2024. Cuirfear tuilleadh tionscadal leis de réir a chéile de réir mar a dhéantar scagadh breise ar chuir chuige soláthair. Leis na bearta tacaíochta a leagtar amach ar fud na réimsí téamacha a dtugtar aghaidh orthu sa Treochlár seo, spreagfar agus cumasófar tionscnaimh chomhchosúla ar fud raon na mbealaí seachadta, lena n-áirítear an Clár nua Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí do Thithíocht Shóisialta, Comhlachtaí Tithíochta Faofa, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, agus seachadadh cóiríochta do mhic léinn.

Tá na príomhphointí a leagtar amach sa Treochlár seo dírithe ar raon níos leithne réiteach nuálach a chumasú don soláthar tithíochta, muinín a chothú faoi éileamh MNT, agus borradh a chur faoi chumas MNT na hÉireann, trí:

- Cur chuige soláthair Dear agus Tóg a leathnú mar chéim thosaigh chun úsáid níos mó MNT a chumasú i seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne;

- Clár um Sheachadadh Luathaithe faoi stiúir na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) agus údarás áitiúil (ÚÁnna) a chur i bhfeidhm a sholáthróidh ar a laghad 1,500 teach sóisialta tógáil nua a úsáideann Dear agus Tóg agus MNT a thosófar a thógáil ar an láthair le linn 2023 agus 2024;
- Tacú le ÚÁnna agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTnna) láithreáin a fháil chun an cion den ‘tógáil féin’ sa chlár seachadta tithíochta sóisialta a leathnú tuilleadh, le fócas ar MNT ar na láithreáin sin;
- Dlús a chur le caighdeánú deartha le haghaidh tógáil chónaithe i dtaca leis an *Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeáin*;
- Tionscadal píolótach a thabhairt isteach chun tithíocht shóisialta, nó inacmhainne, a sholáthar trí úsáid a bhaint as córais thoirtmhéadracha 3T;
- Cláir oiliúna chreidiúnaithe a fhorbairt, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí aitheanta scileanna i Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT) do ghairmithe san earnáil tógála;
- Idirghabhálacha oiliúna a thabhairt isteach d'Údaráis Rialaithe Tógála (ÚRTnna), lena n-áireofaí oiliúint ar chaighdeáin ábhartha agus ar phróisis deimhniúcháin, chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais MNT;
- Seirbhísí deimhniúcháin agus cigireachta Agrément an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) a chur chun cinn, agus cumas a neartú laistigh den ÚCNÉ chun tacú le próiseas éifeachtúil Agrément;
- Dlús a chur le hathsciliú an lucht saothair tógála atá ann cheana in MNT, an Pháirc Thaispeántais do MNT a fhorbairt, faisnéis a chomhdhlúthú maidir le cúrsaí MNT atá ar fáil faoi láthair agus atá inrochtana trí shuíomh gréasáin SOLAS, agus freagairt do tuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) atá le teacht maidir le riachtanais Scileanna MNT; agus
- Borradh a chur faoi iomaíochas agus cumas an tionscail tríd an méid seo a leanas:
 - Rannpháirtíocht a mhéadú le clár FÉ *Tógtha chun Nuála* Fhiontraíocht Éireann, ó thaobh an tslabhra soláthair tógála MNT, tógálaithe tithe agus conraitheoirí tógála de;
 - Tús a chur le seachadadh oiliúna forbartha ceannaireachta spriocdhírthe don earnáil tógála chónaithe chun ceannaireacht chuideachta, bainistíocht athruithe agus cumais bhainistíochta airgeadais a neartú.

Treochlár Achoimrithe

Garsprioc		Amlíne	Úinéir
Cuir chuige sholáthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tuilleadh chun MNT a chumasú			
1	Leanúint leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as cur chuige soláthair Dear agus Tóg mar chéim thosaigh chun úsáid níos mó MNT a chumasú i seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus tabhairt faoi imeachtaí faisnéise atá eagraithe don tionscal chun tacú le rannpháirtíocht i gcomórtais soláthair	Ar siúl	RTRÁO/ ÚÁna/ CCTna
2	Foireann bainistíochta tionscadail ceaptha chun dea-chleachtas soláthair MNT ÚÁ a chomhordú.	I bhfeidhm	RTRÁO
3	Tús curtha le tionscadal píolótach chun tithíocht shóisialta, nó inacmhainne, a sholáthar trí úsáid a bhaint as córas toirtmhéadrach 3T (MNT Catagóir 1).	R2 2024	RTRÁO
4	Roinnt leagan amach inmheánach ón Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeán a shainaithe agus a athbhreithniú, a éascaíonn glacadh éasca i nDear & Tóg, lena n-áirítear gach cineál MNT.	R3 2023	RTRÁO
5	Taighde agus forbairt a dhéanamh ar chritéir mheastóireachta agus méadrachtaí oiriúnacha is féidir a úsáid chun tairiscintí le haghaidh conarthaí poiblí le haghaidh tithíochta a mheas, chun cuir chuige MNT nua agus atá ag teacht chun cinn i leith tógála a chur san áireamh (lena n-áirítear breithniú ar an luach réamh-mhonaraithe, LRM)	R2 2024	RTRÁO
6	Idirghabhálacha oiliúna a tugadh isteach do sholáthróirí poiblí tógála cónaithe chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais MNT, i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR).	R4 2023	RTRÁO
7	An t-amchlár céimnithe a fhoilsiú maidir le Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (SFF) a shainordú i soláthar tionscadal de scálaí agus cineálacha éagsúla.	I bhfeidhm	OSR
8	Painéal sonraí MNT forbartha agus seolta mar chuid den Ardán Léargas Sonraí.	R2 2024	RFTF
Rialachán agus Caighdeán			
9	Clár oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt le haghaidh creidiúnaithe, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí aitheanta scileanna i Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT) do ghairmithe san earnáil tógála.	R4 2023	RTRÁO
10	Idirghabhálacha oiliúna tugtha isteach d'Údarás Rialaithe Tógála (ÚRTna), lena n-áireofaí oiliúint ar chaighdeán ábhartha agus ar phróisis deimhniúcháin, chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais MNT.	R4 2023	RTRÁO
11	Cumas neartaithe laistigh den ÚCNÉ chun tacú le próiseas éifeachtúil Agrément.	R2 2023	ÚCNÉ
12	Measúnú ar éifeachtúlacht an phróisis Deimhniúcháin Agrément reatha i gcomhthéacs comparáideach idirnáisiúnta.	R3 2023	ÚCNÉ
13	Cumarsáid faoi Dheimhniúchán agus Cigireacht Agrément ÚCNÉ i gcomhthéacs an chórais rialála níos leithne le haghaidh tógála cónaithe.	R3 2023	ÚCNÉ

14	Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus rannchuidiú le forbairtí gaolmhara caighdeán idirnáisiúnta agus Eorpach, agus comhairliúchán maidir le riachtanais shonracha náisiúnta, más ann dóibh, agus dul chun cinn de réir mar is cuí.	Ar siúl faoi láthair	ÚCNÉ
15	Bunaíodh an Grúpa Oibre Idir-Rannach & Tionscail um Adhmad san Fhoirgníocht.	R3 2023	RTBM
16	Struchtúir a ullmhú chun cuntas a thabhairt ar charbón corpraithe in ábhair thógála d'fhoirgnimh roimh cheanglas na dréacht-Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (TFFF) an 1 Eanáir 2027	R4 2026	RTRÁO/ Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)
Caipiteal, Airgeadas, agus Árachas			
17	Spreagadh don earnáil MNT iarratas a dhéanamh ar an Scéim lasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta agus ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin	R3 2023	RFTF
Modhanna Nua-Aimseartha Forbartha Scileanna Tógála			
18	Comhdhlúthú faisnéise ar chúrsaí MNT atá ar fáil faoi láthair agus a chuirtear ar fáil ar láithreán gréasáin SOLAS.	R3 2023	SOLAS
19	Tuarascáil SGRST foilsithe maidir le riachtanais scileanna don aistriú chuig MNT.	R4 2023	SGRST
20	Plean Gníomhaíochta foilsithe mar fhreagairt ar thuarascáil SGRST maidir le Scileanna MNT	R2 2024	RBATNE
21	Bunú na Páirce Náisiúnta Taispeántais do MNT agus Aonaid Chéim 1 suiteáilte.	R1 2024	SOLAS
22	Tús a chur le seachadadh Chéim 2 den Pháirc Náisiúnta Taispeántais do MNT.	R4 2024	SOLAS
Iomaíochas agus Cumas Tionscail			
23	Éifeachtacht Tógtha chun Nuála measta (lena n-áirítear aiseolas ón tionscal) agus tairiscint oiriúnaithe de réir mar is cuí.	R2 2024	RFTF
24	Oiliúint forbartha ceannaireachta spriocdhírthe don earnáil tógála chónaithe chun ceannaireacht chuideachta, bainistíocht athruithe agus cumais bhainistíochta airgeadais a neartú, le hionchur ó Fhiontraíocht Éireann	Ar siúl faoi láthair	Skillnet agus Fiontraíocht Éireann
25	Tionscadail taighde Chiste an Chláir Um Thaighde Feidhmeach, Scaipeadh agus Taispeántas Tithíochta Luathaithe CTFSTTL) críochnaithe ag <i>Construct Innovate</i> agus torthaí foilsithe.	R4 2023	Construct Innovate
Cur i bhFeidhm agus Cumarsáid Éifeachtach Bheartais			
26	An Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT a bheith ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm agus forbairt bhreise an Treochláir seo do MNT i Seachadadh Tithíochta Poiblí, bunaithe ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara intíre agus idirnáisiúnta, agus ag leanúint ar aghaidh ag bualadh go míosúil le RTRÁO d'fhonn seachadadh MNT trí chomhlachtaí seachadta Tithíochta a chomhordú.	R2 2024	RFTF & RTRÁO
27	Imeachtaí páirtithe leasmhara MNT Comhar chun Nuála á dtionól gach bliain.	Gach bliain	RFTF & RTRÁO
28	Leabhrán eolais ar MNT a fhoilsiú a thabharfaidh treoir i mBéarla simplí maidir le sainmhínte agus tairbhí MNT.	R3 2023	RTRÁO tríd an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe (GCC) MNT

Réamhrá

Tithíocht do Chách

Is plean ilbhliantúil, ilbhiliún euro Rialtais é *Tithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d'Éirinn* chun feabhas a chur ar chóras tithíochta na hÉireann agus chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach sa Stát ar thithe ar ardchaighdeán.

Faoi *Tithíocht do Chách*, tá sé mar aidhm ag an Rialtas 33,000 teach nua ar a laghad ar an meán a sholáthar gach bliain ó 2021 go 2030, lena n-áirítear 10,000 teach sóisialta agus 6,000 teach inacmhainne le ceannach nó le fáil ar cíós ar fud na nÚdarás Áitiúil (ÚÁna), an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCna), an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) agus an Scéim Céad Teach. Leagtar amach sa tábla thíos sonraí na spriocanna do sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne sa tréimhse 2022-2030.

Tábla 1. Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne, 2023-2030

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030
Tithíocht Shóisialta	9,100	9,300	10,000	10,200	10,200	10,200	10,200	10,200
Tithíocht Inacmhainne	5,500	6,400	6,400	6,100	6,300	6,400	6,300	6,300

Cé go bhfuil sé beartaithe faoi láthair faoi *Tithíocht do Chách* soláthar bliantúil a mhéadú go suntasach go dtí thart ar 40,000 faoi 2030, de réir mar a fhásann an acmhainn san earnáil tógála, déanfar athbhreithniú ar spriocanna soláthair tithíochta i bhfianaise Dhaonáireamh 2022. Tabharfaidh an t-athbhreithniú aird ar éileamh nach bhfuiltear ag freastal air le blianta beaga anuas (ag eascairt as tearcsholáthar san am atá thart); fás daonra (lena n-áirítear ón imirce isteach); agus toimhdí nuashonraithe maidir le méideanna teaghlaigh (níos mó tithíochta mar thoradh ar theaghlaigh níos lú). Tá tús curtha leis an obair ina leith sin agus beidh sí mar bhonn eolais do spriocanna tithíochta náisiúnta agus áitiúla, chomh maith le fo-thacair de thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach, agus cinnteofar go gcuirfear dóthain de na cineálacha cearta tithe ar fáil san áit cheart. Leanfar leis an obair suas go dtí deireadh 2023, agus cuirfear aon athbhreithniú ar na spriocanna chun críche ina dhiaidh sin.

Ós rud é go dtógfaidh earnáil tógála na hÉireann na tithe sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh sé d'acmhainn ag gach gné den earnáil a theastaíonn chun teach a sheachadadh óna thús go dtí deireadh a thógála, seachadadh ar bhealach éifeachtúil, comhlíontach agus inbhuanaithe. Cé go dtuigtear go bhféadfadh acmhainn leordhóthanach nó iomarcach a bheith ag roinnt gnéithe den earnáil, ní bhainfear

amach méadú ar úsáid MNT le haghaidh tithíochta poiblí ach amháin trí chur chuige comhtháite ina bhfeictear gach gné idirnasctha de na seirbhísí tógála, monaraíochta, innealtóireachta sibhialta agus gairmiúla a bheith ag ullmhú go maith chun an saineolas agus an acmhainn is gá a sholáthar chun clár uailmhianach a chur i gcrích.

Príomh-mheicníocht chun acmhainn na hearnála tógála a shainaithnítear in *Tithíocht do Chách* a mhéadú is ea nuálaíocht agus táirgiúlacht a mhéadú, lena n-áirítear modhanna nua-aimseartha tógála (MNT) a úsáid ar bhealach níos forleithne.

Modhanna Nua-Aimseartha Tógála

Is scáth-théarma é MNT a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar raon próiseas tógála nuálach, lena n-áirítear teicnící tógála lasmuigh den láthair, amhail olltáirgeadh agus cóimeáil mhonarchan (tá tuilleadh sonraí leagtha amach i mBosca 1).

Tá na buntáistí tuairiscithe a bhaineann le MNT suntasach. Meastar go soláthraíonn MNT laghdú 20 go 60 faoin gcéad ar am an chláir tógála; laghdú 20 go 40 faoin gcéad ar chostais tógála; laghdú 70 faoin gcéad nó os a chionn ar shaothar ar an láthair, rud a chruthaíonn torthaí feabhsaithe sláinte agus sábháilteachta d'oibrithe; carbón corpraithe laghdaithe sa tógáil, agus cinnteacht cláir níos mó [luaite i dtaighde EY d'Fhiontraíocht Éireann in '*A Detailed Description of Needs for the Irish Construction/ Built Environment Sector*' a foilsíodh in 2021]. Tá tairbhí an chláir tógála ag brath ar chomhordú, pleanáil agus sceidealú deartha an-éifeachtach.

Tá cuid de na buntáistí sin, amhail laghduithe ar am an chláir tógála, léirithe cheana féin i gcomhthéacs na hÉireann. Tá tairbhí tuairiscithe eile, go háirithe coigiltis costas ar an scála a mholtar, fós le baint amach go comhsheasmhach in Éirinn. Táthar ag súil gur féidir éifeachtúlachtaí suntasacha costas a bhaint amach ó MNT le leibhéal níos airde chaighdeánaithe agus in-atrialltachta, agus ar scálaí níos mó. Tá na tairbhí sin ag teacht leis na cuspóirí beartais náisiúnta atá leagtha amach in *Tithíocht do Chách*, sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sa Straitéis Uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach, agus sa Phlean Gníomhaíochta Dramháiola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach. Cuideoidh siad freisin le hearnáil tógála cónaithe na hÉireann a chur ar bhonn atá inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus an chomhshaoil de agus tacóidh siad leis an sprioc de laghdú 40 faoin gcéad sna hAstaíochtaí Earnála foirgneamh cónaithe a bhaint amach faoi 2030.

Ceist deiridh amháin agus iarracht á déanamh MNT a chur chun cinn ná go bhfuil teicneolaíochtaí éagsúla MNT ag leibhéal éagsúla aibíochta. Mar shampla, tá córais phainéalaithe (MNT Chatagóir 2, go háirithe córais fráma adhmaid) seanbhunaithe cheana féin i margadh na hÉireann. Tugann na sonraí is fearr atá ar

fáil¹ le fios go seachadtar 48 faoin gcéad de thithe scéime trí fhrámaí adhmaid, agus tá roinnt córas Fráma Cruach Tanaí (FCT) ar mhargadh na hÉireann cheana féin. I gcodarsnacht leis sin, tá córais thoirtmhéadracha (MNT Chatagóir 1, córais thoirtmhéadracha 3T) sa tógáil chónaithe ag céim níos luaithe aibíochta sa soláthar cóiríochta cónaithe. Tá an sprioc maidir le cumas agus cinnteacht a mhéadú don tionscal mar an gcéanna.

Bosca 1 - Modhanna Tógála Nua-Aimseartha

Le blianta anuas, léiríodh tógáil níos táirgiúla agus níos nuálaí in úsáid mhéadaithe Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT), an téarma bunaithe a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar raon próiseas tógála nuálach, lena n-áirítear teicnící tógála lasmuigh den láthair amhail olltáirgeadh agus cóimeáil mhonarchan. Tá sé d'acmhainn ag MNT cabhrú le táirgiúlacht ar an láthair a threisiú agus éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú sa seachadadh tithíochta.

Níl modhanna tógála monarcha-bhunaithe lasmuigh den láthair nua, agus bhí borradh in úsáid réiteach tithíochta réamhdhéanta roimhe seo, agus torthaí measctha leis. Le déanaí, le teacht na digiteála agus an riachtanais inbhuanaitheachta chomhshaoil, tá éabhlóid leanúnach na hearnála tógála á cur chun cinn chun tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar.

Sa chomhthéacs cónaithe, lena léirítear creat sainmhínithe MNT na Ríochta Aontaithe agus an foilseachán atá le teacht *'Céard is MNT ann? Treoir Thosaigh maidir le Modhanna Tógála Nua-Aimseartha'*, is féidir MNT a chatagóiriú mar seo a leanas:

1. Réamh-Mhonarú – córais struchtúracha phríomhúla 3T
2. Réamh-Mhonarú – córais struchtúracha phríomhúla 2T
3. Réamh-Mhonarú – comhpháirteanna struchtúracha neamhchórasaithe
4. Réamh-Mhonarú – monarú breiseán
5. Réamh-Mhonarú – cóimeálacha neamhstruchtúrtha agus fochóimeálacha
6. Laghdú saothair/feabhsuithe táirgiúlachta láithreáin atá á dtreorú ag táirgí tógála traidisiúnta
7. Laghdú saothair/feabhsuithe táirgiúlachta atá á dtreorú ag próisis láithreáin

Is ionann MNT agus claochlú suntasach sa tógáil, a chuimsíonn leibhéil mhéadaithe déantúsaíochta agus chóimeála lasmuigh den láthair; teicneolaíochtaí, táirgí agus córais tógála nua; agus méadú ar an digitíú. Agus tá an nuálaíocht ag leanúint ar aghaidh ar luas. Tá glacadh níos leithne ar fud éagsúlacht de chineálacha MNT ag éileamh coigeartú ar fud an chórais. Braitheann na buntáistí a bhaineann le cur chuige MNT i seachadadh tithíochta a bhaint amach go hiomlán ar na dúshláin a bhaineann le raon feidhme an choigeartaithe a theastaíonn a shárú.

¹ Cumann Mhonaróirí Frámaí Adhmaid na hÉireann ([anseo](#))

Faoi *Tithíocht do Chách*, tá raon tionscnamh ar bun cheana féin chun tacú le nuálaíocht agus táirgiúlacht fheabhsaithe i seachadadh tithíochta lena n-áirítear cuir chuige MNT. Ina measc tá:

- bunú **Ionad Teicneolaíochta Construct Innovate** faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe a thacóidh le taighde, forbairt agus nuálaíocht i dtáirgí agus i bpróisis foirgníochta atá á dtreorú ag an tionscail, agus tosaíocht tugtha don tógáil chónaithe.
- feidhmiú céimneach '**Tógtha chun Nuála**' de chuid Fhiontraíocht Éireann a leathnaíonn tacaíochtaí nuálaíochta agus claochlaithe gnó chuig an earnáil tógála cónaithe baile.
- bunú **Páirce Taispeántais do MNT** atá le teacht, faoi stiúir Solas agus BOO Laoise-Uíbh Fhailí ag an ionad náisiúnta oiliúna i scileanna tógála i nDroim Cáithe a chumasóidh taiscéalaíocht agus léiriú na dteicneolaíochtaí MNT is déanaí agus na gcóras tógála lasmuigh den láthair agus tuiscint agus feasacht níos fearr orthu; agus
- tionscadal **Build Digital** in OT Bhaile Átha Cliath a thacóidh leis an earnáil maidir le glacadh digiteach agus úsáid Samhaltaithe Faisnéise Foirgníochta.

Tá Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT tras-Rannach agus trasghníomhaireachta bunaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun a chinntiú go dtugtar faoi na tionscnaimh sin agus tionscnaimh eile atá ag teacht chun cinn ar bhealach comhordaithe, agus chun bealaí breise a aithint chun nuálaíocht agus feabhsuithe táirgiúlachta san earnáil tógála a spreagadh agus a chumasú.

Ról an tSoláthair Phoiblí maidir le dlús a chur leis an gclaochlú

Léiríonn an Treochlár um ghlacadh níos mó le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála sa soláthar tithíochta poiblí an ról is féidir a bheith ag an soláthar poiblí chun claochlú córais a threorú. Mar mhórsoláthraí seirbhísí tógála, tá láithreach shuntasach ag an Stát sa mhargadh. Is ionann na spriocanna seachadta tithíochta sóisialta agus inacmhainne in *Tithíocht do Chách* agus cuid shuntasach den phíblíne éilimh do sheirbhísí tógála cónaithe sna deich mbliana atá romhainn. Agus aitheantas á thabhairt don deis a bhaineann le húsáid mhéadaithe MNT, is féidir ról lárnach a bheith ag an soláthar poiblí maidir leis an éileamh ar chuir chuige nuálacha a mhéadú chun seachadadh a fheabhsú agus dlús a chur leis na cumasóirí riachtanacha ar fud an chórais, lena n-áirítear neartú comhréireach an tsaineolais ó thaobh na n-údarás conraitheoireachta de. Téann sé sin chun tairbhe ní hamháin don soláthar tithíochta poiblí ach tá tionchar aige ar an earnáil ina hiomláine.

Tá taithí ag údaráis áitiúla cheana féin ar thithe a sheachadadh trí MNT ós rud é go n-úsáideann roinnt tionscadal tithíochta sóisialta córais tógála MNT éagsúla. I measc na samplaí reatha de chlár sheachadta rathúla a bhaineann úsáid as cineálacha soláthair Dear agus Tóg, tá creat Chomhairle Contae Chill Mhantáin atá ag soláthar scéimeanna tithíochta Frámaí Cruach Tanaí, Frámaí Adhmaid, agus Foirmeánachtaí Coincréite Inslithe. Tá clár náisiúnta ann freisin chun tithíocht mhodúlach a sholáthar mar fhreagairt éigeandála ar theifigh ón Úcráin a lonnú. Tá dúshlán a tháinig chun cinn maidir leis na

tionscadail sin, agus na réitigh a cuireadh chun feidhme, tar éis bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Treochláir seo, agus beidh siad mar bhonn eolais don soláthar tithíochta MNT amach anseo.

Cuspóir tábhachtach beartais in *Tithíocht do Chách* is ea tacú le forbairt tithíochta nua tógála. Táthar ag tacú le ÚÁnna agus CCTnna chun a gcumas a fhorbairt chun scéimeanna nua tógála a sholáthar. Agus ÚÁnna, CCTnna agus an GFT ag aistriú chuig sciar níos airde den seachadadh a thagann ón 'dtógáil dhíreach'², cuirfear leis sin trí thithe sóisialta agus inacmhainne a sheachadadh tríd an tsamhail seachadta 'lándéanta'³. Cuirtear líon suntasach de na tionscadail sin ar fáil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht MNT agus de réir mar a thugtar tacaíocht bhreise don chóras tógála chun úsáid MNT a mhéadú, tacóidh sé sin le glacadh méadaithe córas MNT i dtionscadail 'lándéanta'.

Réimsí Téamacha

Foghlaim ó na ceachtanna ó thaithí roimhe seo; rannpháirtíocht leanúnach geallsealbhóirí; foilseacháin MNT a d'fhoilsigh Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF) le déanaí don Fhoghrúpa um Ghlacadh Digiteach agus Nuálaíocht Ghrúpa na hEarnála Foirgníochta⁴⁵⁶; treoirdhoiciméid de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ) maidir le Dearadh do Dhéantúsaíocht agus Cóimeáil⁷; agus foilseacháin eile (lena n-áirítear Cur Síos Mionsonraithe ar Riachtanais don earnáil tógála a choimisiúnaigh Fiontraíocht Éireann); d'aithin an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (ag obair trí Ghrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT) na réimsí seo a leanas mar réimsí ríthábhachtacha chun glacadh níos forleithne le raon cineálacha MNT san earnáil tógála cónaithe:

- 1. Cuir chuige sholáthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tuilleadh chun MNT a chumasú** (conas is féidir le dearadh agus cur i bhfeidhm an tsoláthair poiblí cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach maidir le seachadadh tithíochta poiblí trí MNT comhlíontach a úsáid, lena n-áirítear ceanglais chaighdeánaithe deartha).
- 2. Rialáil agus Caighdeáin** (lena n-áirítear an t-am turais rialála agus deimhniúcháin agus na costais a bhaineann le córais nuálacha nua a thabhairt isteach, agus faireachán, maoirseacht láithreáin agus córas cigireachta uas-scileáilte do MNT, a bhfuil gach ceann acu ríthábhachtach chun go n-éireodh le soláthar réiteach nuálach tógála).

² Aonaid tithíochta atá maoinithe, deartha agus tógtha agus an comhlacht poiblí mar chliant. Tá cineálacha eile ann, amhail an tsamhail CPP, ina gcoinnítear na tithe ar feadh tréimhse 25 bliain thar ceann an chomhlachta poiblí mar chliant.

³ Is éard is ceannacháin lándéanta ann ná aonaid tithíochta a cheannaítear (nó a léasaítear) ón earnáil phríobháideach nó ó chomhlacht poiblí eile nuair a bheidh an dearadh agus an tógáil críochnaithe.

⁴ 'Creatdhoiciméad um Anailís Chainníochtúil agus Sainmhíniú MNT' CTF (neamhfhoilsithe)

⁵ 'Tuarascáil ar Mhodhanna Nua-Aimseartha Tógála' CTF

⁶ 'Modhanna Nua-Aimseartha Tógála – Gnó MNT a Shainmhíniú: Gairmithe Tógála Skillnet

⁷ 'Dearadh do Dhéantúsaíocht agus Cóimeáil/ Tuarascáil DdDC' IRAÉ

3. **Caipiteal, Airgeadas, agus Árachas** (aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar mhaoiniú le haghaidh infheistíochta a mbeadh acmhainn MNT mhéadaithe in Éirinn mar thoradh air).
4. **Forbairt Scileanna MNT** (an claochlú scileanna a theastaíonn laistigh den earnáil agus na scileanna riachtanacha a bheith ar fáil a spreagadh).
5. **Iomaíochas agus Acmhainn an Tionscail** (lena n-áirítear cumas déantúsaíochta, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht, agus aistriú eolais chuig an tionscal agus gairmeacha gaolmhara).
6. **Cur i bhFeidhm agus Cumarsáid Éifeachtach Bheartais** (lena n-áirítear comhoibriú éifeachtach idir lucht déanta beartas agus an earnáil tógála agus feasacht agus tuiscint a chothú faoi buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le MNT i measc an tionscail, na hearnála poiblí agus an phobail).

Ó thaobh an tsoláthair phoiblí de, pléann an chuid eile den doiciméad seo le gach ceann de na réimsí téamacha sin faoi seach, agus leagtar amach sraith garspriocanna a bhfuil an Rialtas tiomanta dóibh a sheachadadh chun a chinntiú gur féidir na tairbhí táirgiúlachta, éifeachtúlachta agus inbhuanaitheachta a bhaineann le MNT a bhaint amach, agus go mbeidh níos mó muiníne sa tionscal chun infheistíocht agus acmhainn seachadta MNT a mhéadú.

1. Cuir chuige sholáthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thuilleadh chun Modhanna Nua-Aimseartha Tógála a chumasú

Faoi *Tithíocht do Chách*, tá sprioc ann breis agus 144,000 teach nua thógtha sóisialta, inacmhainne agus ar cíós de réir costais a sholáthar idir 2022 agus 2030, a chuirfidh Údaráis Áitiúla (ÚÁna), an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCna), agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) ar fáil. Bainfear úsáid as roinnt foinsí maoinithe poiblí, agus áireofar leis an seachadadh tógálacha díreacha⁸ agus ceannacháin lándéanta⁹ le roinnt cuir chuige sholáthair.

Údaráis Áitiúla

Faoi Ghníomh 4.3, *Tithíocht do Chách 2022*, tá tionscnaimh tugtha isteach ag an RTRÁO chun méadú suntasach ar an tithíocht phoiblí a chuirtear ar fáil trí MNT a chumasú. Cuireadh in iúl do ÚÁna go dtacaíonn an RTRÁO le cur chuige seachadta Dear agus Tóg, a éascaíonn méadú suntasach ar an tithíocht phoiblí a chuirtear ar fáil trí MNT agus tá ÚÁna spreagtha le cur chuige seachadta Dear agus Tóg a ghlacadh nuair is cuí.

I mí na Nollag 2022, ceadaíodh maoiniú €94 milliún chun aghaidh a thabhairt ar fhiachas leagáide talún na nÚÁ a bhraitheann ar ghealltanais ón ÚÁ go ndéanfaí tionscadail tithíochta ina n-úsáidtear MNT a fhorbairt go luath agus a gcuirfí tús lena dtógáil in 2023 nó 2024.

Fuair 26 láithreán maoiniú san iomlán agus, le roinnt suíomhanna breise, tá an Roinn ag obair anois chun seachadadh tionscadal MNT a chur chun cinn ar thart ar 30 láithreán. Don tréimhse go dtí deireadh 2024, táthar ag súil go gcuirfear tús le 1,500 teach ar a laghad faoin gClár um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta.

Cuireadh roinnt tionscadal tithíochta sóisialta ar fáil roimhe seo a bhain úsáid as roinnt córas tógála MNT. Ní hionann na tionscadail seo ó thaobh scála agus castachta de agus tá raon tíopeolaíochtaí tí agus árasán i gceist ina n-úsáidtear raon eilimintí MNT. Tá thart ar 3,000 aonad sa phíblíne tithíochta sóisialta faoi láthair le haghaidh seachadadh Dear agus Tóg MNT. Áirítear leis sin iad siúd atá á gcur ar fáil faoin gClár um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta.

⁸ Aonaid tithíochta atá maoinithe, deartha agus tógtha agus an comhlacht poiblí mar chliant. Tá cineálacha eile ann, amhail an tsamhail CPP, ina gcoinnítear na tithe ar feadh tréimhse 25 bliain thar ceann an chomhlachta poiblí mar chliant.

⁹ Is éard is ceannacháin lándéanta ann ná aonaid tithíochta a cheannaítear (nó a léasaítear) ón earnáil phríobháideach nó ó chomhlacht poiblí eile nuair a bheidh an deardh agus an tógáil críochnaithe.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Soláthraíonn CCTna tithíocht phoiblí freisin. Go dtí seo, tá méid suntasach dá soláthar tithíochta curtha ar fáil acu trí thionscadail lándéanta. Is dócha gur tógadh cuid acu agus MNT á n-úsáid, ach níl sonraí daingne ar fáil faoi láthair. Tá RTRÁO tiomanta tacaíocht a thabhairt don earnáil CCT chun cion an tseachadta a mhéadú trí thionscadail tógála. Tá roinnt gníomhartha á ndéanamh chun tacú leis an gcuspóir sin, lena n-áirítear acmhainní méadaithe a sholáthar sa Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú le tógáil CCT agus bearta a thabhairt isteach chun tacú le rochtain CCT ar thalamh.

An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Tacaíonn an GFT le húsáid MNT agus spreagann siad í chun tithíocht inacmhainne a sholáthar. Tá córais phainéalaithe amhail frámaí adhmaid agus coincreit réamhtheilgthe á n-úsáid ar thionscadail reatha chomh maith le comhpháirteanna réamhdhéanta. Leanann an GFT ar aghaidh úsáid réiteach MNT ar a scéimeanna go léir a fhiosrú agus ag an am céanna cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le tithe inacmhainne a sholáthar trí thacú le nuálaíocht tógála, agus teannas iomaíoch a chinntiú ag céim thairisceana – rud atá ríthábhachtach chun luach ar airgead a bhaint amach.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Bhain an clár Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí (CPP) do Thithíocht Shóisialta, atá á sholáthar ag an GAFN, úsáid as cineálacha éagsúla MNT i mBearta 1 agus 2 den chlár (lena n-áirítear úsáid fhorleathan a bhaint as frámaí adhmaid agus foirmeánachtaí coincreite inslithe). Tá an cur chuige deartha, sonraíochta agus soláthair do bhearta amach anseo á bhforbairt chun úsáid teicneolaíochtaí MNT a chumasú tuilleadh.

Cóiríocht do Mhic Léinn

Trí *Tithíocht do Chách*, cuireadh de chúram ar an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) beartas agus modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh tacaíocht fhadtéarmach Stáit a d'fhéadfadh a bheith ann chun Cóiríocht Shaintógtha do Mhic Léinn (CSML) a thógáil chun breisiócht a chur ar fáil do chohóirt spriocdhírithé. Aithníonn RBATNE an ról is féidir le MNT a ghlacadh i seachadadh CSML, agus an tábhacht a bhaineann le caighdeánú deartha chun éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach sa tógáil, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh cur chuige a oireann do chách oiriúnach ar fud gach suíomh. Chuige sin, tá RBATNE ag obair le RTRÁO chun dearaí agus sonraíochtaí a fhorbairt a éascóidh soláthar MNT.

1.1 Cur Chuige Soláthair Dear agus Tóg

Tá an conradh Dear agus Tóg ar fáil do chonarthaí oibreacha poiblí ó foilsíodh an Creat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla in 2007. Spreagann úsáid an mhodh oibre Dear agus Tóg i leith Oibreacha Poiblí

nuálaíocht mhéadaithe agus úsáid MNT i seachadadh tithíochta sóisialta¹⁰. Cé go n-úsáideann ÚÁna conarthaí Dear agus Tóg, tá go leor fós i bhfabhar an mhodh oibre Deartha Fostóra toisc gur modh oibre ‘seanbhunaithe iontaofa’ níos coitianta é sin inar féidir leis an bpáirtí fostaithe ionchasach ról níos gníomhaí a bheith aige/aici maidir le toradh deiridh an tionscadail ná mar a thairgfeadh conradh caighdeánach Dear agus Tóg de ghnáth. Leanfaidh RTRÁO ar aghaidh ag obair le ÚÁna chun seachadadh a uasmhéadú tríd an gcineál conartha Dear & Tóg.

¹¹I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Tithíochta treoir maidir le húsáid an chonartha oibreacha poiblí le haghaidh oibreacha tógála deartha ag an gconraitheoir (conarthaí Dear agus Tóg). Tá an treoir dírithe orthu siúd atá ag obair le ÚÁna agus CCTnna, nó a thugann comhairle dóibh, a bhfuil eolas agus taithí oibre acu ar sholáthar comhairleoirí agus conraitheoirí Dear agus Tóg a úsáideann an Creat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an treoir ar chumas ÚÁna agus CCTnna atá ag gabháil do thionscadail tógála tithíochta a sheachadadh níos luaithe, agus go mbeadh sí ina príomhfhoinsé faisnéise faoi na roghanna soláthair go léir atá ar fáil laistigh den Chreat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla chun Dear agus Tóg a chumasú.

Tá líon suntasach tithe sóisialta curtha ar fáil agus cur chuige Dear & Tóg á úsáid, agus tá leibhéal saineolais ag teacht chun cinn sa réimse sin ar fud earnáil na nÚÁna. Tá sé mar uailmhian lárnach ag an gClár um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta an saineolas sin a leathnú tuilleadh ar fud na hearnála.

Chomhoibrigh RTRÁO leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige soláthair don Chlár um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta. Bainfidh tionscadail faoin gclár seo úsáid as conarthaí Dear agus Tóg, le béim shuntasach ar amanna seachadta cláir mar chuid den phróiseas measúnaithe tairisceana (agus ba cheart go spreagfadh sé sin an glacadh le MNT).

Garsprioc 1. Leanúint leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as cur chuige soláthair Dear agus Tóg mar chéim thosaigh chun úsáid níos mó MNT a chumasú i seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus tabhairt faoi imeachtaí faisnéise atá eagraithe don tionscal chun tacú le rannpháirtíocht i gcomórtais soláthair.

Amlíne: Ar siúl

Úinéir: RTRÁO/ ÚÁna/ CCTnna

¹⁰ Féach ar *Treoir maidir le húsáid Chonradh Oibreacha Poiblí PW-CF2 le haghaidh Oibreacha Tógála Deartha ag an gConraitheoir* Nasc [anseo](#)

¹¹ *Ibid*

1.2 Tacaíochtaí Soláthair

De réir mar a théann soláthraithe tithíochta i mbun MNT ar bhealach níos substaintiúla tríd an gClár um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta, táthar ag súil go dtiocfaidh saincheisteanna coitianta chun cinn, agus d'fhéadfadh réitigh choiteanna a bheith infheidhme. Táthar ag súil go ndéanfar an t-eolas sin a ghabháil agus a roinnt ar bhealach córasach, agus comhordaitheoir lárnach ann chun treoir 'deachleachtais' a fhorbairt do lucht soláthair.

Garsprioc 2. Foireann bainistíochta tionscadail a cheapadh chun dea-chleachtas soláthair MNT na nÚdarás Áitiúil a chomhordú.

Amlíne: I bhfeidhm

Úinéir: RTRÁO

1.3 Cuir Chuige Sholáthair atá ag Teacht Chun Cinn

Sa chás gur seachadadh tionscadail tithíochta sóisialta trí úsáid a bhaint as cur chuige Dear agus Tóg, ba chórais phainéalaithe 2T go príomha na cineálacha MNT a cuireadh i bhfeidhm. Chun glacadh níos leithne cineálacha eile MNT (lena n-áirítear córais toirtmhéadracha 3T) a éascú, agus chun cur leis an taithí a fuair Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) le déanaí maidir le córais mhodúlacha a fhorbairt le haghaidh cóiríochta do dhéanaithe, beidh gá le tuilleadh machnaimh maidir le cuir chuige sholáthair chuí, agus na córais tógála níos nuálaí atá i gceist á gcur san áireamh. Chuige sin, sainithneofar roinnt tionscadal pólótach, tar éis rannpháirtíocht earnála agus tionscail níos leithne. Cuirfidh an tionscnamh seo leis an saineolas atá ann cheana agus forbróidh sé cuir chuige sholáthair chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do chineálacha eile MNT. Cuirfidh foghlaim ón tionscnamh sin bonn eolais faoi chur i bhfeidhm breise na gcur chuige sin.

Garsprioc 3. Tús a chur le tionscadal pólótach chun tithíocht shóisialta, nó inacmhainne, a sholáthar trí úsáid a bhaint as córas toirtmhéadrach 3T (MNT Catagóir 1).

Amlíne: Próiseas tairisceana ag tosú i Ráithe 2 2024

Úinéir: RTRÁO

1.4 Caighdeánú deartha

Ceist agus dúshlán lárnach i méadú MNT i gcoibhneas le tógáil thraidisiúnta is ea caighdeánú deartha. Oibríonn próisis MNT, cosúil le líne chóimeála, go héifeachtach nuair a dhéantar an táirge deiridh a chaighdeánú. Ceadaíonn sé sin an in-atrialltacht feadh na líne cóimeála, agus cruthaíonn sé éifeachtúlachtaí.

Cé go nglactar leis go ndéantar talamh slán de chaighdeánú sin an táirge deiridh san earnáil déantúsaíochta (m.sh., gluaisteán, srl.), níl sé coitianta in earnáil na tógála. Ciallaíonn sé sin go gcailltear na tairbhí táirgiúlachta agus laghdaithe costais a bhaineann le foghlaim-trí-dhéanamh, agus barainneachtaí scála toisc nach bhfuil monaróirí in ann riosca a ghlacadh maidir le réamh-mhonarú.

Dearadh do Dhéantúsaíocht agus Cóimeáil (DdDC)

Is téarma é DdDC a thagann ó shaol na déantúsaíochta, áit a leagann sé béim ar dhá cheist deartha phraiticiúla – conas a mhonaraítear comhpháirt, agus conas a dhéanfar í a chóimeáil i dtáirge – agus tá sé d'acmhainn acu araon éifeachtúlacht an táirgthe a fheabhsú.

Bhain an téarma ar dtús le comhpháirteanna olltáirgthe a rinneadh i monarcha, a chóimeálfaí i dtáirgí olltáirgthe i ndán d'úsáideoir deiridh, go léir i monarcha.

Le dul chun cinn i dteicnící déantúsaíochta, baineann sé go coitianta anois le táirgí a dhéanamh is féidir a chur in oiriúint go leibhéil éagsúla i bpróiseas ar a dtugtar oll-saincheapadh. Chomh maith le rogha níos mó a thabhairt do thomhaltóirí, ós rud é gur féidir oll-saincheapadh a dhéanamh, tá ábharthacht DdDC leathnaithe chun dearadh gach foirgneamh ó scála casta go scála beag a chur san áireamh.

Ar bhonn méadaithe, cuireann ceisteanna faoi chostas saoil iomláin foirgneamh gnéithe breise leis an bpróiseas deartha lena n-áirítear cothabháil foirgneamh, díchóimeáil, agus athúsáid ábhar tógála.

Baineann na cuir chuige sin úsáid as comhpháirteanna cliste agus meabhrach (faoi mhonatóireacht agus inrialaithe)

Éascóidh an glacadh níos forleithne le conarthaí 'dear-tóg' comhtháthú DdDC de réir mar a dhéanann an t-eintiteas céanna céimeanna deartha agus tógála tionscadail tógála, rud a chiallaíonn go bhfuil sé i bhfad níos éasca riachtanais déantúsaíochta agus cóimeála a ionchorprú ag céim an deartha.

Is féidir tuilleadh eolais faoi DdDC agus coincheapa gaolmhara a fháil in [RIAI Design for Manufacture and Assembly](#), Deireadh Fómhair 2022; agus *DfMA Overlay to the RIBA Plan of Work, Mainstreaming Design*

Tá dúshlán ar leith anseo i gcomhthéacs soláthar tithíochta sóisialta. Mar shampla, is annamh a sháraíonn scéimeanna tithíochta ÚÁ 60 aonad, agus is beag caighdeánú deartha ar fud na hearnála. Mhol an [Staidéar Costas Tógála Cónaithe](#) a foilsíodh le déanaí a choimisiúnaigh an RTRÁO go mbainfí úsáid níos mó as caighdeánú sa tógáil cónaithe. Tá dhá cheann de na moltaí sin thar a bheith tábhachtach do MNT: (i) dearaí agus sonraíochtaí caighdeánaithe tógála cónaithe a fhorbairt i gcomhairle leis an tionscal; agus (ii) caighdeán a fhorbairt do chóiríocht shaintógtha do mhic léinn atá maoinithe ag an Stát. Tá na gníomhartha sin á gcur chun cinn ag RTRÁO agus tugann siad deis caighdeánú deartha agus oiriúnachta deartha a mhéadú do MNT.

In 2022, d'fhoilsigh RTRÁO an *Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeáin*¹², a fhéachann le treoir a thabhairt maidir le dearadh forbairtí Tithíochta Sóisialta maidir le leagan amach na láithreán agus leagan amach inmheánach áitreabh aonair. Tá sé dírithe go príomha ar ÚÁ agus CCTnna agus a gcomhairleoirí. Féachann an Lámhleabhar le cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn go náisiúnta maidir le tosaíochtaí deartha agus caighdeáin spáis.

Tacófar le dearaí a chaighdeánú lena n-úsáid ag Údaráis Áitiúla, CCTnna, GFT agus GAFN, atá oiriúnach do thionachtaí éagsúla amhail Sóisialta, Inacmhainne agus ar Cíos de réir Costais. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar rogha dearaí sa Lámhleabhar Deartha chun éascaíocht ghlactha a chumasú do Dhear agus Tóg, lena n-áirítear gach cineál MNT. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach chun a chinntiú go bhfuil dearaí caighdeánaithe éifeachtúil, chomh maith le solúbtha lena n-úsáid le cineálacha éagsúla córas tógála.

Is féidir le rogha chúramach de líon beag dearaí caighdeánaithe, deiseanna a chur ar fáil chun cineálacha aonaid mheasctha a fhorbairt, chun freastal ar raon éagsúil méideanna tí agus níor cheart go gcuirfeadh sé teorainn le deiseanna le haghaidh cuma sheachtrach éagsúil. Beidh na dearaí caighdeánacha seo ar fáil lena n-úsáid ag gach soláthraí tithíochta sóisialta.

Tá na Treoirí nua um Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlútha á n-ullmhú faoi láthair agus caithfear aird a thabhairt orthu sin agus dearaí caighdeánaithe amach anseo á n-ullmhú.

Garsprioc 4. Roinnt leaganacha amach inmheánacha ón Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeáin a shainithint agus a athbhreithniú, a éascaíonn glacadh éasca i nDear agus Tóg, lena n-áirítear gach cineál MNT.

Amlíne: R3 2023

Úinéir: RTRÁO

1.5 Critéir sholáthair agus méadracht chun meastóireacht a dhéanamh ar MNT i seachadadh tithíochta poiblí

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le critéir mheastóireachta sholáthair a bheachtú i gcomhréir le forbairt agus sofaisticiúlacht mhéadaithe monaraithe MNT chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht agus spreagadh don nuálaíocht, agus luach ar airgead á bhaint amach de réir mar a éilítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí, agus ag an am céanna rannpháirtíocht chomh leathan agus is féidir a cheadú san earnáil tógála. Chun tacú leis sin, ní mór machnamh a dhéanamh ar mhéadracht oiriúnach a léiríonn go leordhóthanach an tionchar a bhíonn ag cuir chuige MNT ar sheachadadh, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an tslat tomhais luacha réamh-mhonaraithe (LRM).

¹² [gov.ie](http://www.gov.ie) - *Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeáin* (www.gov.ie)

Garsprioc 5. Taighde agus forbairt a dhéanamh ar chritéir mheastóireachta agus méadracht oiriúnach is féidir a úsáid chun tairiscintí le haghaidh conarthaí poiblí le haghaidh tithíochta a mheas, chun cuir chuige MNT nua agus atá ag teacht chun cinn i leith tógála a chur san áireamh (lena n-áirítear breithniú ar an luach réamh-mhonaraithe (LRM)).

Amlíne: R2 2024

Úinéir: RTRÁO

1.6 Dea-Chleachtas Soláthair – Idirghabhálacha Oiliúna

Chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais, ní mór oiliúint a chur i bhfeidhm ar scála do sholáthróirí tithíochta na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil an córas poiblí ar an eolas faoi na difríochtaí a thugann MNT isteach sa phróiseas soláthair.

Garsprioc 6. Idirghabhálacha oiliúna a thabhairt isteach do sholáthróirí poiblí tógála cónaithe chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais MNT, i gcomhar leis an OSR¹³.

Amlíne: R4 2023

Úinéir: RTRÁO

1.7 Soláthar agus Digitíú

Is príomhchumasóir réiteach tógála lasmuigh den láithreán é an Digitíú; Ligeann sé d'fhoirne tionscadail deiseanna a aithint, comhoibriú le soláthraithe ar réitigh agus comhéadain agus riachtanais sceidealaithe a bhainistiú. Tá ardáin digiteacha riachtanach chun na gnóthachain táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta atá inréadaithe trí MNT a bhaint amach go hiomlán. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), i gcomhar leis an Tionscadal Build Digital, ag ullmhú réimse tacaíochtaí amhail doiciméid teimpléid agus ábhar treorach do chliant chun a chur ar a gcumas a dtionscadail a sholáthar de réir caighdeáin Samhaltaithe Faisnéise Foirgníochta (SFF). Tabharfar riachtanais SFF isteach sa Chreat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla ar bhonn céimnithe ag tosú le foirne deartha ar thionscadail mhóra oibreacha poiblí go dtí, thar thréimhse 4 bliana, go mbeidh siad ag teastáil ar gach tionscadal oibreacha poiblí.

Garsprioc 7. An t-amchlár céimnithe a fhoilsiú maidir le Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (SFF) a shainordú i soláthar tionscadal de scálaí agus cineálacha éagsúla¹⁴.

Amlíne: I bhfeidhm¹⁵

Úinéir: RCPA

¹³ Nuashonrú Thithíocht do Chách (TdC) Gníomh 13.7

¹⁴ Nuashonrú TdC Gníomh 13.5

¹⁵ Fógraíodh 4^ú Iúil 2023 – féach ar <https://constructionprocurement.gov.ie/bim-requirements-in-the-cwmf-from-january-2024/>

1.8 Sonraí níos fearr

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) ag coimisiúnú taighde agus anailíse a chruthóidh ‘painéal’ méadrachta chun leibhéil glactha MNT agus treochtaí gaolmhara i bhfeidhmíocht táirgiúlachta san earnáil tógála cónaithe in Éirinn a thagarmharcáil agus a rianú.

Cuirfidh an t-aschur ón staidéar ar chumas na Roinne measúnú bonnlíne a chruthú ar an leibhéal glactha MNT in earnáil tógála cónaithe na hÉireann agus ar an raon méadrachta ar féidir leis leanúint de bheith ag cur bonn eolais faoi chur i bhfeidhm leanúnach beartais sa réimse glactha MNT agus sa nuálaíocht tógála.

Trí phlé leanúnach an Ghrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe (GCC) MNT, is léir, cé go bhfuil tuiscint réasúnta shoiléir ann ar cad is MNT ann, go bhfuil easpa sonraí ann ar féidir leo eolas iontaofa a thabhairt maidir leis na leibhéil reatha úsáide MNT i dtimpeallacht thógtha na hÉireann, an ráta ag a bhfuil an earnáil ag athrú ina leith sin, nó tionchar iarbhír MNT ar tháirgiúlacht na hearnála tógála.

Tá sé i gceist go mbeidh an mhéadracht a fhorbrófar, agus na sonraí a bhaileofar don phainéal MNT mar chuid de Sheirbhís Léargais Sonraí *Tithíocht do Chách* (tionscadal tras-Rannach atá á stiúradh ag Roinn an Taoisigh agus RTRÁO).

Sainaitheoidh ‘Tionscadal Díon’ RTRÁO úsáid MNT i seachadadh tithíochta trí na hÚdaráis Áitiúla ó 2024.

Garsprioc 8. Painéal sonraí MNT a fhorbairt agus a sheoladh mar chuid den Ardán Léargais Sonraí.¹⁶

Amlíne: R2 2024

Úinéir: RFTF

¹⁶ Nuashonrú TdC Gníomh 13.12

2. Rialacháin agus Caighdeáin

2.1 Rialacháin Foirgníochta agus Rialú Foirgníochta

In Éirinn, rialaítear dearadh agus tógáil foirgneamh faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 go 2014, chun sábháilteacht daoine laistigh den timpeallacht thógtha a chinntiú. Déanann na hAchtanna foráil maidir le Rialacháin Foirgníochta agus Rialacháin um Rialú Foirgníochta a dhéanamh.

Rialacháin Foirgníochta

Leagtar síos sna Rialacháin Foirgníochta na ceanglais dhlíthiúla maidir le foirgnimh agus oibreacha nua a thógáil. Is é aidhm na Rialachán Foirgníochta ná foráil a dhéanamh do shábháilteacht agus leas daoine i bhfoirgnimh agus thart timpeall orthu. Cuirtear in iúl iad i dtéarmaí riachtanais fheidhmiúla maidir leis na gnéithe ábhartha den dearadh agus den tógáil nach mór d'fhoirgneamh a bhaint amach. Mar shraith riachtanas feidhmíochta agus feidhmiúil, ní leagann na Rialacháin Foirgníochta teorainneacha ar ábhair ná ar phróisis. Tá 12 chuid ann, rangaithe mar Chodanna A go M.

Foilsítear Treoircháipéisí Teicniúla (TCTnna) le dul le gach cuid de na Rialacháin Foirgníochta, ag léiriú conas is féidir riachtanais na coda sin a bhaint amach sa chleachtas d'fhoirgnimh neamhchasta, choitianta.

Cuireann na TCTnna treoir shaintreorach ar fáil ag leibhéal níos airde sonraí teicniúla agus tagraíonn siad do chaighdeáin sheanbhunaithe do theicnící traidisiúnta tógála maidir lena bhfuil ag teastáil chun comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a bhaint amach. I gcás ina ndéantar oibreacha i gcomhréir leis an treoir theicniúil ábhartha, meastar go bhfuil na hoibreacha sin, *prima facie*, i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha.

Leagtar amach i gCuid D (Ábhar agus Ceardaíocht) de na Rialacháin Foirgníochta ceanglas uileghabhálach go ndéantar na hoibreacha go léir trí úsáid a bhaint as **ábhair chuí**, atá oiriúnach don úsáid dá bhfuil siad beartaithe agus do na coinníollacha ina n-úsáidfear iad. Luaitear freisin go n-áirítear le hábhair chuí ábhair: (a) a bhfuil marcáil CE orthu i gcomhréir le foráil an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta; (b) a chomhlíonfaidh Caighdeáin Eorpacha Chomhchuibhithe (CEc) nó Measúnú Teicniúil Eorpach (MTE) iomchuí i gcomhréir le foráil an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta; nó (c) a chomhlíonfaidh Caighdeán Éireannach cuí nó Deimhniúchán Agrément Éireannach nó sonraíocht theicniúil náisiúnta mhalartach de chuid aon tíre den LEE, a sholáthraíonn leibhéal coibhéiseach sábháilteachta agus oiriúnachta in úsáid.

Is ar dhearthóirí, tógálaithe agus úinéirí foirgneamh atá an phríomhfhreagracht as comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta.

Tagann na Rialacháin Foirgníochta, agus na TCTnna, chun cinn le himeacht ama chun an dul chun cinn san earnáil tógála a léiriú, agus is ábhar do chomhairliúcháin phoiblí gach leasú. Chun a chinntiú gur féidir leis an Rialtas leas a bhaint as sainchomhairle neamhspleách sa chomhthéacs sin, tá RTRÁO ag athbhunú Chomhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta (CCRF). Ceapfar ballraíocht CCRFar bhonn neamhspleách chun ionadaíocht a dhéanamh ar réimsí saineolais agus taithí a bhaineann le rialacháin tógála.

Rialú Foirgníochta

Bunaíonn na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (RRF) nósanna imeachta, riarachán agus rialú chun cur i bhfeidhm, agus comhlíonadh, cheanglais feidhmíochta na Rialachán Foirgníochta a chinntiú.

Is iad na 31 Údarás Rialaithe Tógála (ÚRTnna) áitiúla a chinntíonn forfheidhmiú na Rialachán Foirgníochta, a bhfuil cumhachtaí fairsinge iniúchta agus forfheidhmithe acu faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, agus atá neamhspleách ó thaobh úsáid a gcumhachtaí reachtúla de.

Go ginearálta, nuair a bhíonn foirgneamh á thógáil, á leathnú nó nuair a bhíonn oibreacha á ndéanamh ar fhoirgneamh atá ann cheana féin, ceanglaítear leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta go sannann an t-úinéir daoine inniúla chun na hoibreacha foirgníochta a dhearadh, a thógáil, a iniúchadh agus a dheimhniú. Ina dhiaidh sin, ní mór do na daoine sin cuntas a thabhairt ar a ról trí dhoiciméadú comhlíontachta, pleananna cigireachta agus deimhnithe reachtúla a thaisceadh.

Tá ról agus freagrachtaí éagsúla úinéirí, dearthóirí, tógálaithe, deimhnitheoirí sannta, srl. le linn oibreacha tógála leagtha amach sa *Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh agus Oibreacha a Iniúchadh agus a Dheimhniú*.

2.2 Inniúlacht

Ceanglaítear le Rialacháin Foirgníochta gur cheart do dhaoine inniúla a bhfuil oiliúint, taithí agus eolas leordhóthanach acu na hoibreacha go léir a dhéanamh atá oiriúnach do chineál na hoibre a cheanglaítear orthu a dhéanamh agus ag féachaint do mhéid agus do chastacht na n-oibreacha sin chun caighdeán ceart ceardaíochta a chinntiú.

Cé go bhfuil leibhéal arda cur amach ar chatagóirí áirithe MNT (m.sh. frámaí adhmaid, agus coincreít réamhtheilgthe), ní mór do dhearthóirí, tógálaithe agus deimhnitheoirí a bheith inniúil ó thaobh úsáid na bhforbairtí MNT is déanaí chun cur chun feidhme sábháilte, oiriúnach agus comhlíontach a áirithiú.

Chomh maith le pearsanra in ÚRTnna, is iondúil go mbíonn na gníomhaithe seo níos eolaí ar mhodhanna caighdeánacha nó traidisiúnta tógála, agus ar an méid nach mór a léiriú chun cloí leis na Rialacháin Foirgníochta. Chun glacadh le teicneolaíochtaí tógála nua agus atá ag teacht chun cinn, ní mór uas-sciliú a dhéanamh chun inniúlacht a fhorbairt.

Garsprioc 9. Ag obair trí Ghrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT agus i gcomhar leis na comhlachtaí gairmiúla agus na soláthraithe oideachais ábhartha, clár oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt le haghaidh creidiúnaithe, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna aitheanta i Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNT) do ghairmithe san earnáil tógála¹⁷.

Amlíne: R4 2023

Úinéir: RTRÁO

Garsprioc 10. Idirghabhálacha oiliúna a thabhairt isteach d'Údaráis Rialaithe Tógála (ÚRTnna), lena n-áireofaí oiliúint ar chaighdeán agus próisis deimhniúcháin ábhartha, chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí eolais MNT¹⁸.

Amlíne: R4 2023

Úinéir: RTRÁO

Chun caighdeán ceart ceardaíochta a chinntiú de réir mar a cheanglaítear leis na rialacháin tógála, tá sé riachtanach go mbeadh daoine inniúil, go mbeadh oiliúint, taitní agus eolas leordhóthanach acu atá oiriúnach do chineál na hoibre a cheanglaítear orthu a dhéanamh agus go bhféachfaí go háirithe do mhéid agus do chastacht na n-oibreacha sin. Maidir le córais tógála MNT nua agus atá ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh go mbeadh scileanna de dhíth ar fhoirgneoirí, suiteálaithe agus tógálaithe atá difriúil ó thaobh cineáil de leis an tógáil thraidisiúnta, lena n-áirítear oiliúint ar ábhair a stóráil, cóimeáil, sonraí tógála, agus cosaint le linn tógála. Cé go bhfuil scéimeanna ann cheana féin, ní mór breithniú a dhéanamh ar scéimeanna nua oiliúna agus iniúcháireachta córas dílsithe MNT a fhorbairt d'fhoirgneoirí, suiteálaithe agus tógálaithe, chun inniúlacht a léiriú de réir na gceanglas atá leagtha amach sna Rialacháin Foirgníochta.

2.3 Deimhniúchán Agrément

Tá an próiseas Agrément deartha go sonrath le haghaidh ábhair, táirgí agus córais tógála nuálacha nua nach bhfuil stair fhada úsáide acu go fóill agus a d'fhéadfaí gan aon chaighdeán náisiúnta, caighdeán Eorpach comhchuibhithe táirge (CEC) nó Measúnú Teicniúil Eorpach (MTE) a bheith ann ina leith. Is tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an measúnú, amhail Agrément ÚCNÉ.

Suitear cruthúnas le Deimhniú Agrément gur 'ábhair chuí' iad na táirgí deimhnithe atá oiriúnach dá n-úsáid bheartaithe faoi choinníollacha láithreáin Éireannacha, agus de réir na Rialachán Foirgníochta, agus nuair a shuiteáiltear iad de réir an Deimhnithe, go gcomhlíonann siad na Rialacháin Foirgníochta.

Forbraíonn ÚCNÉ Sonraíocht um Measúnú Teicniúil (SMT), ina leagtar amach na critéir theicniúla maidir

¹⁷ Nuashonrú TdC 2022 Gníomh 13.9

¹⁸ Nuashonrú TdC 2022 Gníomh 13.8

le measúnú agus tástáil an chórais, lena n-áirítear seans torthaí tástála saotharlainne, meastóireachtaí ar an láthair, agus pleananna cigireachta ar an láthair. Forbraítear an SMT agus tagairt á déanamh do Rialacháin Foirgníochta na hÉireann agus do na TCTnna.

I bhfianaise an róil lárnaigh atá aige maidir le húsáid agus éabhlóid níos leithne na gcóras MNT in Éirinn a éascú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an próiseas Agrément chomh héifeachtach agus is féidir. *Tithíocht do Chách* (2022) Áirítear le Gníomh 13.11 gníomh chun an próiseas Agrément a fheabhsú.

D'fhoilsigh ÚCNÉ treoir cheana féin maidir leis an bpróiseas Agrément do MNT agus anois cuireann sé deimhniú ar fáil ag céim na tógála, agus síniú ar shuiteáil MNT ar an láthair¹⁹. Cuirfidh sé sin feabhas ar phróisis measúnaithe táirgí tógála cónaithe, lena n-áirítear cur chuige reatha ÚCNÉ Agrément a leathnú, chun deimhniú modhanna tógála nua a éascú, ábhair thógála inbhuanaithe a thabhairt isteach, agus maoirseacht ar shuiteáil ar an láthair.

Chun tacú le seachadadh Ghníomh 13.11, tá tús curtha ag ÚCNÉ le hathstruchtúrú inmheánach ar a Rannán Tógála le hearcaíocht ghaolmhar foirne tiomnaithe, le tacaíocht ó mhaoiniú chun feidhme *Tithíocht do Chách*. Cruthaíonn an struchtúr nua aonaid ar leith 'Agrément' agus 'Cigireachta' agus rinneadh é in oirchill castacht mhéadaithe agus éileamh breise ar Agrément, agus gníomhaíocht chigireachta mhéadaithe ÚCNÉ.

Ina theannta sin, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt bhreise ar phróisis Agrément, scrúdóidh ÚCNÉ éifeacht agus éifeachtúlacht an phróisis Deimhniúcháin Agrément atá ann faoi láthair i gcomhthéacs comparáideach idirnáisiúnta, ag cur san áireamh taithe an tionscail, méadú ionchais ar éileamh, rochtain éifeachtúil ar thástáil ábhartha, agus castacht mhéadaithe 'córas tógála'.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléireacht ann don tionscal agus do pháirtithe leasmhara níos leithne maidir le ról fheidhmeanna Deimhniúcháin agus Cigireachta Agrément ÚCNÉ i gcomhthéacs an chórais rialála níos leithne le haghaidh tógáil chónaithe.

Garsprioc 11. Cumas neartaithe laistigh den ÚCNÉ chun tacú le próiseas éifeachtúil Agrément.

Amlíne: R2 2023

Úinéir: ÚCNÉ

Garsprioc 12. Measúnú ar éifeachtúlacht an phróisis Deimhniúcháin Agrément reatha i gcomhthéacs comparáideach idirnáisiúnta.

¹⁹ https://www.nsai.ie/images/uploads/certification-agreement/Guide_to_Agr%C3%A9ment_Certification_for_MMC.pdf

Amlíne: R3 2023

Úinéir: ÚCNÉ

Garsprioc 13. Cumarsáid faoi Dheimhniúchán agus Cigireacht Agrément ÚCNÉ i gcomhthéacs an chórais rialála níos leithne le haghaidh tógáil chónaithe a chur chun cinn.

Amlíne: R3 2023

Úinéir: ÚCNÉ

2.4 Caighdeán Éireannacha do MNT

Is féidir le forbairt caighdeán nua ról tábhachtach a ghlacadh maidir le nuálaíocht tógála a thiomáint trí pharaiméadair feidhmíochta níos airde a leagan síos do tháirgí agus do chórais. Cruthaíonn siad creat coiteann don nuálaíocht. Leagtar síos sna caighdeán an creat trí stór focal coiteann a shainiú, trí bhunréithe táirge nó seirbhíse a shuí, agus tríd an dea-chleachtas a shainiú a chinnteoidh torthaí rathúla. Éascaíonn caighdeán forbairt ar chlár oiliúna freisin.

Tá coiste bunaithe ag ÚCNÉ chun comhairle a thabhairt maidir le Caighdeán le haghaidh tógáil lasmuigh den láithreán lena n-áirítear MNT, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar obair ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear coiste ISO a fhéachann ar fhoirgnimh réamhdhéanta (faoi stiúir na Síne) agus an obair a choimisiúnaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe le déanaí, ag ordú do BSI sonraíocht a bheadh ar fáil go poiblí a fhorbairt do MNT. Go náisiúnta, leanfaidh an coiste sin de bheith ag plé leis an tionscal agus ag éascú an tionscail chun aon bhearnaí i gCaighdeán a bhaineann le MNT a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Garsprioc 14. Trí phróiseas forbartha caighdeán an ÚCNÉ, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara agus rannchuidiú le forbairtí gaolmhara caighdeán idirnáisiúnta agus Eorpach, agus comhairliúchán maidir le riachtanais shonracha náisiúnta, más ann dóibh, a éascú agus dul chun cinn a dhéanamh de réir mar is cuí.

Amlíne: Ar siúl faoi láthair

Úinéir: ÚCNÉ

2.5 Idirphlé Comhoibríoch

Tá sé tábhachtach go mbeadh fóram ag an tionscal agus ag an Rialtas chun páirt a ghlacadh sa chomhthéacs nuálaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Cuireann Grúpa na hEarnála Foirgníochta (GEF) agus a fhoghrúpa um Nuálaíocht agus Glacadh Digiteach ardáin úsáideacha ar fáil le haghaidh idirphlé maidir le nuálaíocht, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus rialacháin.

Maidir le saincheisteanna a bhaineann go sonrach le húsáid adhmaid sa tógáil, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) ag bunú Grúpa Oibre Idir-rannach & Tionscail um Adhmad san Fhoirgníocht agus é mar chuspóir aige na coinníollacha a chruthú chun úsáid adhmaid sa tógáil a mhéadú, lena n-áirítear táirgí adhmaid nuálacha, agus an leibhéal is airde sábháilteachta tógála agus cosanta maoinne á chinntiú ag an am céanna. Áireofar in obair an Ghrúpa scrúdú ar cheisteanna rialála, próisis Chaighdeán agus Deimhniúcháin, agus tograí chun an úsáid is féidir a bhaint as táirgí adhmaid a fhástar sa bhaile sa tógáil a uasmhéadú.

Garspíoc 15. Grúpa Oibre Idir-Rannach & Tionscail um Adhmad san Fhoirgníocht a Bhunú

Amlíne: R3 2023

Úinéir: RTBM

2.6 Carbón corpraithe sa Timpeallacht Thógtha

Cuireann Carbón Corpraithe in ábhair thógála go mór le hastaíochtaí carbóin saoil foirgneamh nua. Tá aghaidh á tabhairt ar na hastaíochtaí carbóin chorpraithe sin sa Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide, san athbhreithniú ar Rialachán an AE maidir le Táirgí Foirgníochta agus san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (TFFF).

De réir an TFFF atá beartaithe, tá RTRÁO i dteagmháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun creataí carbóin chorpraithe a chur i bhfeidhm don 1 Eanáir 2027 d'fhoirgnimh nua os cionn 2,000 méadar cearnach agus d'fhoirgnimh chónaithe nua ón 1 Eanáir 2030. Cuirfear an dearbhú sin maidir le hAcmhainneacht Téite Dhomhanda san áireamh sa Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh. Tá obair shuntasach ag teastáil chun bunachair sonraí ábhar deimhnithe, creat cuntasáochta do charbón corpraithe, forbairt bogearraí, agus oiliúint measúnóirí a bhunú. Tá sé beartaithe ag na hInstitiúidí Eorpacha an TFFF a ghlacadh níos déanaí i mbliana.

Ina theannta sin, gealltar sa Treochlár um Gheilleagar Ciorclach Uile-Rialtais go mbainfear níos mó úsáide as dearadh agus monarú lasmuigh den láthair i dtreochlár na hearnála tógála.

Is tionscnamh tábhachtach é Modhanna Nua-Aimseartha Tógála chun inbhuanaitheacht tithíochta a fheabhsú.

Garspíoc 16. Struchtúir a ullmhú chun cuntas a thabhairt ar charbón corpraithe in ábhair thógála d'fhoirgnimh roimh dhréachtriachtanas an TFFF an 1 Eanáir 2027

Amlíne: R4 2026

Úinéir: RTRÁO/ ÚFIÉ

3. Caipiteal, Airgeadas, agus Árachas

3.1 Tógáil agus soláthar bunaithe ar MNT a mhaoiniú

Tá an tsamhail mhaoinithe don earnáil MNT difriúil ó chuideachtaí tógála traidisiúnta. Maidir le chuideachtaí tógála traidisiúnta, ceanglaítear ar mhonaróirí lasmuigh den láthair infheistíochtaí suntasacha tosaigh a dhéanamh ina sócmhainní seasta (amhail monarcha, trealamh, tástáil agus deimhniú, dliteanas táirgí (go háirithe do chórais thoirtmhéadracha 3T), agus sócmhainní doláimhsithe cosúil le caipiteal daonna agus dearáí. Cuireann roinnt teipeanna gnó ardphróifíle i measc monaróirí thoirtmhéadracha 3T sa Ríocht Aontaithe béim ar a thábhachtaí atá sé samhlacha gnó athléimneacha a thógáil san earnáil sin, agus tá foghlaim fhéideartha ann ar féidir a bhaint as na heispéiris sin.

Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le FBMnna, lena n-áirítear micrifhiontair, rochtain a fháil ar mhaoiniú iomchuí agus inacmhainne atá oiriúnach dá gcéim forbartha. Cé go bhfuil sé fós de fhreagracht ar an gcóras baincéireachta an creidmheas a chur ar fáil do ghnólachtaí, cuireann an Rialtas (ag obair le gníomhaireachtaí, leis an earnáil bhaincéireachta, agus le soláthraithe airgeadais mhalartaigh) tacaíochtaí spriocdhírthe breise ar fáil i gcás ina bhfuil teipeanna sa mhargadh. Tá réimse leathan tacaíochtaí ar fáil do chuideachtaí ag gach céim dá saolré – idir ghnólachtaí nuathionscanta agus chuideachtaí luathchéime agus iad siúd atá ag iarraidh méadú agus fás.

Is í an scéim is ábhartha ó thaobh MNT de ná an **Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (SIFI)** atá le teacht. Is scéim nua ráthaíochta iasachta fadtéarmaí í sin a chuirfidh iasachtaí idir €25,000 agus €3 milliún ar fáil do FBMnna ar phraghas iomaíoch ar feadh téarmaí suas le 10 mbliana, agus beidh iasachtaí suas le €500,000 ar fáil gan urrús. Tá sé beartaithe go seolfar an SIFI sa mhargadh sna míonna amach romhainn.

Nuair a chuirfear i bhfeidhm í, cuirfidh an SIFI suas le €500m d'iasachtú fadtéarmach ar fáil do FBMnna. Beidh suas le 70 faoin gcéad d'iasachtú le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú, agus ar an gcaoi sin bonn taca a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo. Díreoidh an SIFI freisin ar 30 faoin gcéad ar a laghad de mhéid an iasachtaithe i dtreo cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil.

Cé nach gníomhaíocht incháilithe faoin SIFI é maoiniú gníomhaíochta forbartha eastáit réadaigh íon, féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as SIFI chun críocha infheistíochta straitéisí incháilithe.

Seoladh an **Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin (SRCÚ)** i mí Eanáir 2023 agus soláthraíonn sí iasachtaí ar chostas íseal (€10,000 go €250,000) le haghaidh caipiteal oibre agus infheistíocht mheántéarmach, go háirithe i mbearta coigilte fuinnimh, do FBMnna, do tháirgeoirí príomhúla, agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga (gnólachtaí a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu). Tá an srian céanna ar ghníomhaíocht forbartha eastáit réadaigh íon i bhfeidhm don SRCÚ freisin.

Garsprioc 17. Spreagadh don earnáil MNT iarratas a dhéanamh ar an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta agus ar an Scéim Rátháíochta Creidmheasa don Úcráin.

Amlíne: R3 2023

Úinéir: RFTF

Faoi Chonarthaí na nOibreacha Poiblí, is féidir íocaíocht as ábhair nó comhpháirteanna a mhonaraítear lasmuigh den láthair a dhéanamh le bannaí a chuirtear i bhfeidhm i bhfabhar an Údaráis Chonarthaigh i gcás dócmhainneachta nó sáraithe ó thaobh an phríomhchonraitheora nó an tsoláthraí de. Feabhsaíonn sé seo an staid sreafa airgid do dhéantúsóirí MNT agus úsáidtear go forleathan é nuair atá ardaitheoirí le corprú i bhfoirgneamh. Is iondúil go mbíonn leibhéil níos mó caipitil oibre ag teastáil ó chuideachtaí MNT freisin de réir mar a thabhaíonn siad costais níos luaithe sa phróiseas tógála, agus a fhaigheann siad íocaíochtaí níos déanaí, rud a chiallaíonn go gcaithfidh foinsí maoinithe a bheith acu chun an tréimhse sin a chlúdach. Ós rud é nach bhfuil gá leis an gcineál maoinithe sin ach amháin i gcás ina bhfuil píblíne shoiléir tionscadal ag cuideachta MNT le cur i gcrích, agus conarthaí i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh an earnáil phríobháideach feistithe go maith chun maoiniú a chur ar fáil sa chás sin. Leanfaidh RFTF, trí Ghrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT, ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar an staid sin agus ag gníomhú má aithnítear bearna shoiléir.

3.2 MNT a árachú

Ó thaobh árachais tráchtála de (m.sh. dliteanas táirgí, dliteanas poiblí agus fostóra, briseadh teagmhasach gnó), tá próifílí riosca malartacha le breithniú in aon ghlacadh le próisis nua.

Sa Ríocht Aontaithe, tá roinnt fianaise ann a thugann le fios go bhféadfadh árachas a bheith ina bhac féideartha ar ghlacadh MNT níos forleithne, agus foilseachán tionscail amháin²⁰ ag tabhairt faoi deara go raibh tionscadail a ionchorpraíonn MNT níos deacra a árachú, rud a d'fhág go raibh tionscal árachais na Ríochta Aontaithe ag glacadh le cur chuige cúramach, coimeádach maidir le tionscadail a bhaineann úsáid as modhanna nua-aimseartha a fhrithghealladh.

I gcomhthéacs na hÉireann, luann IRAÉ²¹ go bhféadfadh méaduithe préimhe nó diúltuithe frithgheallta teacht chun cinn mura gcuirtear an tionscal árachais ar an eolas faoi na hathruithe ar riosca a eascraíonn as úsáid MNT laistigh de chleachtais gnó (le haghaidh clúdach tráchtála) agus foirgnimh (le haghaidh árachas maoine pearsanta agus tráchtála).

Dá bhrí sin, tá luach ag baint leis an tionscal árachais (agus atharachais) a choinneáil ar an eolas faoi fheidhmeanna nua MNT ar fud thimthriall nuálaíochta na hÉireann. Tá RFTF tar éis dul i dteagmháil leis an

²⁰ [The insurability of modern methods of construction \(marsh.com\)](https://www.marsh.com/en-gb/insurability-of-modern-methods-of-construction)

²¹ [RIAI DFMA Report 2022 v5 04Oct22.pdf](https://riaa.gov.uk/DFMA_Report_2022_v5_04Oct22.pdf)

tionscal árachais ar an bpointe sin. Má thagann saincheisteanna chun cinn a dteastaíonn freagairt beartais phoiblí uathu, oibreoidh RFTF (tríd an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT) leis na páirtithe leasmhara cuí chun roghanna beartais féideartha a scrúdú.

4. Modhanna Nua-Aimseartha Forbartha Scileanna Tógála

Tá soláthar leordhóthanach lucht saothair ríthábhachtach d'earnáil tógála atá ag feidhmiú go maith.

In go leor tíortha forbartha, tá fadhb shuntasach ann maidir le lucht saothair tógála a mhealladh agus a choinneáil. Mar bharr ar an donas, tá meánaois réasúnta ard oibríthe tógála ann agus, i bhfianaise cineál na hoibre a bheith dian go fisiciúil, is dócha go mbeidh rabharta scor ann a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chumas seachadta na hearnála.

Tá córas láidir ag Éirinn chun na scileanna a theastaíonn san earnáil tógála a sheachadadh. Sa *'Tuarascáil ar an Anailís ar Scileanna le haghaidh Foirgníochta Cónaithe agus Iarfheistithe 2023 go 2030'*, a choimisiúnaigh SOLAS (Údarás Breisoideachais agus Trádála na hÉireann) agus RBATNE, rinneadh cainníochtú ar na scileanna tógála breise a theastaíonn chun spriocanna an Rialtais tithíocht nua a sheachadadh agus 440,000 teach a iarfheistiú sa tréimhse 2023-2030.

Dírítear sa tuarascáil ar na scileanna tógála go léir – is é sin, scileanna a fhreagraíonn do gach leibhéal cáilíochta ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC). Go ginearálta, maoiníonn SOLAS oideachas agus oiliúint daoine i leibhéil 1-6 go huile agus cuireann sé Bhord déag Oideachais agus Oiliúna (BOO) é ar fáil. Déanann institiúidí ardoideachais soláthar d'oideachas agus d'oiliúint a bhaineann den chuid is mó le cáilíochtaí os cionn leibhéal 6 (le roinnt soláthair leibhéal 6 chomh maith).

Deirtear sa tuarascáil go gcaithfear beagán le cois 50,000 iontrálaí nua a earcú i ngairmeacha bainistíochta, gairmiúla, oilte agus leathoilte sa tréimhse 2023-2030 chun spriocanna an Rialtais maidir le tithíocht agus iarfheistiú a bhaint amach, agus chun leanúint de bheith ag plé le deisiú agus cothabháil ghinearálta. D'fhéadfadh na hiontrálaithe nua sin a bheith ina meascán d'oibríthe atá fostaithe sa tionscal faoi láthair agus atá ag iarraidh uas-sciliú a dhéanamh, nó cuardaitheoirí poist ar mian leo gairm bheatha a bhaint amach sa tógáil nó san iarfheistiú.

Ní ghlacann an staidéar sin aon toimhde maidir le leibhéal glactha MNT, rud a d'fhéadfadh athrú suntasach a dhéanamh ar an meascán scileanna a theastaíonn ó earnáil tógála na hÉireann. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na réamh-mheastacháin scileanna go rialta chun a chinntiú go bhfuil siad ábhartha i gcónaí do chleachtais san earnáil agus tá breithniú ar fhorbairtí MNT san áireamh sna hathbhreithnithe sin.

4.1 Scileanna MNT a fhorbairt

I mí Aibreáin 2022, d'fhoilsigh Skillnet na nGairmithe Tógála, líonra a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le forbairt agus fás gnólachtaí tógála trí oibriú leo chun a riachtanais scileanna a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus trí réitigh shonracha oiliúna agus forbartha a sholáthar *Modhanna Nua-Aimseartha Tógála: Gnó MNT a shainmhíniú*. Leagtar amach sa tuarascáil sin an tsamhail nua ghnó san earnáil tógála atá riachtanach chun MNT a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus na ról agus na scileanna nua gaolmhara a theastaíonn chun feidhmiú go héifeachtach.

Tar éis fhoilsiú na tuarascála sin, sheol Skillnet na nGairmithe Tógála (i gcomhar le Skillnet Éireann agus Coláiste Uí Ghríofa) micrea-dhintiúir nua sa *Chomhordú agus Comhoibriú Straitéiseach le haghaidh Modhanna Tógála Nua-Aimseartha*.

Is é sin an chéad cheann de roinnt micrea-dhintiúir atá á bhforbairt ag an Skillnet na nGairmithe Tógála agus clúdaíonn sé réimsí tionscadal-chriticiúla amhail bainistíocht tionscadail le reo dearaidh, caidrimh thráchtála agus struchtúir, agus conas cultúr comhoibríoch a chruthú. I measc na gclár eile atá á bhforbairt tá micrea-dhintiúir do réimsí soláthair agus airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí MNT, a chuirfidh san áireamh an creat nua um sholáthar tithíochta sóisialta do MNT atá á fhorbairt ag RTRÁO.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise-Uíbh Fhailí (BOOLUF), i gcomhar leis an gCampas Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta atá lonnaithe i nDroim Cáithe, ag déanamh tiomantas suntasach freisin chun cur leis an gcumas scileanna MNT a sheachadadh. Tá BOOLUF ar an mbóthar ceart chun céim 1 den Pháirc Thaispeántais Náisiúnta MNT a sheachadadh go luath in 2024 agus tá uasghrádú á dhéanamh acu ar a n-áiseanna chun oiliúint MNT a chur ar fáil. Pléitear an tionscnamh sin go mion thíos.

Is forbairtí suntasacha iad sin ó thaobh an tsoláthair atá ar fáil faoi láthair, agus is dócha go mbeadh tairiscintí breise scileanna ar fáil trí sholáthraithe príobháideacha. Tá sé tábhachtach an fhaisnéis a bhailiú maidir leis an tairiscint scileanna MNT reatha in aon áit amháin agus tagairt á déanamh don dea-chleachtas agus forluí neamhriachtanach a sheachaint.

Garsprioc 18. Eolas a chomhdhlúthú ar chúrsaí MNT atá ar fáil faoi láthair agus an t-ábhar sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin SOLAS.

Amlíne: R3 2023

Úinéir: SOLAS

4.2 Riachtanais Scileanna MNT amach anseo a aithint agus a chainníochtú

Ag an am céanna, tá gá le tuilleadh taighde chun a chinntiú go bhfuil freagairt chuimsitheach ón Rialtas i bhfeidhm ar sheachadadh na scileanna MNT a mheastar a bheidh ag teastáil. Dá bhrí sin, choimisiúnaigh an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST), i gcomhar leis an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT, tuarascáil ar na riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo, ag glacadh leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar MNT.

Nuair a bheidh an tuarascáil seo tugtha chun críche, oibreoidh RBATNE leis na comhpháirtithe ábhartha go léir chun Plean Gníomhaíochta a fhorbairt chun na moltaí a chur i bhfeidhm, a bheidh le maoirsiú ag an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT.

Garsprioc 19. Tuarascáil SGRST a fhoilsiú maidir le riachtanais scileanna don aistriú chuig MNT

Amlíne: R4 2023

Úinéir: Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Garsprioc 20. Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú mar fhreagairt ar thuarascáil SGRST maidir le Scileanna MNT

Amlíne: R2 2024

Úinéir: RBATNE

4.3 Taispeántas agus turgnaimh MNT

Beidh an Pháirc Thaispeántais Náisiúnta MNT ina hacmhainn thógtha inrochtana agus idirghníomhach do thaispeántais MNT, taighde feidhmeach agus oiliúint, a bheidh lonnaithe ag an gCampas Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta, i nDroim Cáithe, Co. Uíbh Fhailí. I ndeireadh na dála, beidh an Pháirc Thaispeántais ag feidhmiú faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise-Uíbh Fhailí (BOOLUF).

I measc chuspóirí na Páirce Taispeántais tá:

- Suíomh inrochtana ‘suaitheanta’ a chur ar fáil do thaispeántais MNT in Éirinn, agus é sin a dhéanamh chun taispeánt tairgí agus córas nuálach MNT a éascú, go háirithe don earnáil tithíochta;
- Feasacht a ardú, agus eolas agus tuiscint ar nuálaíocht MNT a scaipeadh ar fud na hÉireann trí shaoráid sárthaispeántais den sórt sin;
- Líonra náisiúnta a thógáil timpeall ar MNT de mhonaróirí, conraitheoirí, cliaint, dearthóirí agus lucht déanta beartas, agus tacú le gníomhaíochtaí gaolmhara agus cur leo tríd an líonra sin; agus
- Sainoiliúint infheidhme a aithint agus a chur ar fáil do riachtanais scileanna MNT atá ag teacht chun cinn.

Tá sé beartaithe go mbeidh samhail shofhreaigrúil ag an bPáirc, a bheidh in ann turgnaimh agus gníomhaíochtaí cruthúnais coincheapa a éascú, chomh maith le próisis oibriúcháin MNT seanbhunaithe. Bainfidh an Pháirc úsáid as áiseanna tacaíochta chun freastal ar riarachán, cuairteoirí, oideachas/oiliúint, agus próisis a léiriú. Beidh lucht tionscail agus grúpaí leasmhara in ann cuairt a thabhairt ar an bPáirc ansin chun teicneolaíochtaí agus cuir chuige MNT atá ar taispeáint a fheiceáil agus idirghníomhú leo. Cuirfear áiseanna comhoibrithe ar fáil freisin le haghaidh rannpháirtíocht tionscail mar chuid den Pháirc Thaispeántais.

I gcéim a haon, forbrófar roinnt aonad cónaithe, lena n-áirítear foirgneamh árasáin, tithe sraithe, tithe leathscoite, tithíocht shóisialta, agus aonad modúlach toirtmhéadrach. I measc na gcéimeanna ina dhiaidh sin beidh áitribh bhreise a léiríonn teicneolaíochtaí éagsúla MNT agus a chlúdóidh méid iomlán na gcatagóirí MNT, ionad cuairteoirí agus áiseanna tacaíochta eile.

Garspíoc 21. Bunú na Páirce Náisiúnta Taispeántais do MNT agus Aonaid Chéim 1 suiteáilte.

Amlíne: R1 2024

Úinéir: SOLAS

Garspíoc 22. Tús a chur le seachadadh Chéim 2 den Pháirc Náisiúnta Taispeántais do MNT.

Amlíne R4 2024

Úinéir: SOLAS

5. Iomaíochas agus Cumas Tionscail

Ar fud an gheilleagair, tá cuideachtaí atá faoi thionchar na nuálaíochta ag cur réiteach ar fáil ar dhúshlán agus ar dheiseanna náisiúnta agus domhanda in go leor réimsí. Is é uailmhian ár mbeartais náisiúnta fiontraíochta ná an dul chun cinn atá déanta a chomhdhlúthú agus tógáil air agus breis iarrachtaí a dhéanamh chun cumas nuálaíochta a leathnú agus a dhoimhniú ar fud na hearnála fiontraíochta, go háirithe feidhmíocht nuálaíochta FBMnna, agus cultúr nuálaíochta leanúnaí á leabú. Tá sé seo ábhartha go háirithe d'earnáil na tógála, áit a bhfuil tionchar suaiteach ag éabhlóid leanúnach na dteicneolaíochtaí agus na bpróiseas lasmuigh den láthair ar scála nach bhfacthas roimhe seo, ar an tionscal féin, agus ar chineál agus ar fheidhmíocht na bhfoirgneamh agus na mbonneagar a sholáthraíonn sí.

Braitheann cur chun feidhme rathúil an Treochláir seo ar an tionscal freagairt don dúshlán claochlaithe seo. Tá na luamháin bheartais sa spás sin dírithe ar oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta, táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht mhéadaithe a chur chun cinn, agus infheistíocht agus comhoibriú a chur chun cinn sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht.

Faoi láthair, is ionann an earnáil tógála agus 2.1 faoin gcéad de OTI nó 4.6 faoin gcéad den Éileamh Intíre Modhnaithe²² agus fostaíonn sí thart ar 161,000 duine²³, i thart ar 62,000 gnólacht²⁴ – formhór mór acu FBMnna. Tugann sonraí táirgiúlachta le fios go bhfuil táirgiúlacht saothair in earnáil tógála na hÉireann (ag €33/ uair) ag an meán i gcomhthéacs Eorpach. Tá sé chun tosaigh ar an Spáinn, ar an bPortaingéil agus ar an Iodáil, ach tá sí taobh thiar den Danmhairg, den Ostair, den Bheilg, den Ghearmáin, den Ísiltír, den Fhionlainn agus den Fhrainc²⁵.

Is beag eolas atá ar fáil go sonrath faoi ghnólachtaí MNT in Éirinn, ach is cosúil go bhfuil an glacadh foriomlán ar fud earnáil tógála na hÉireann íseal²⁶. Tugann taighde a rinne Ernst and Young (EY) le fios gur mheas seacht faoin gcéad de ghnólachtaí MNT mar a bpríomhghníomhaíocht. As na gnólachtaí sin, is iad na córais phainéalaithe, na fo-chóimeálacha, agus na córais hibrideacha (a chomhcheanglaíonn córais thoirtmhéadracha agus phainéalaithe) na cinn is coitianta.

Léiríonn sonraí ÚCNÉ ar chuideachtaí a bhfuil Agrément nó caighdeán IS440 bainte amach acu le haghaidh frámaí adhmaid dá dtáirgí agus dá gcórais MNT, go bhfuil 44 cuideachta ann a bhfuil córais MNT deimhnithe acu ar dháta an fhoilsithe seo. Tugann na sonraí le fios freisin gurb iad na córais phainéalaithe

²² Cuntais Ráithiúla Náisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh (POS), [R1 2023 \(sealadach\)](#)

²³ Suirbhé ar an Lucht Saothair POS, [R1 2023](#)

²⁴ Staitisticí Gnó Struchtúrtha POS [2020](#)

²⁵ Tuarascáil Tógála 2022, Feidhmíocht agus Acmhainn na hEarnála Tógála ([anseo](#))

²⁶ Tuarascáil EY Detailed Description of Needs a coimisiúnaíodh d'Fhiontraíocht Éireann

(Catagóir MNT 2) agus foirmeánachtaí coinchréite inslithe (Catagóir MNT 5) na teicneolaíochtaí is coitianta a úsáidtear.

Tábla 2. Agrément ÚCNÉ agus deimhniúcháin IS440 de réir catagóire agus teicneolaíochta MNT, Bealtaine 2023

Catagóir MNT	Teicneolaíocht	Cuideachtaí (le Agrément nó IS440)
Toirtmhéadrach	Toirtmhéadrach	1
Painéalaithe	Fráma adhmaid	27
	Fráma Cruach Tanaí	8
	Foirmeánachtaí Coinchréite Inslithe	1
Comhpháirteanna réamhmonaraithe	Adhmad	1
Cóimeálacha neamhstruchtúrtha	Foirmeánachtaí Coinchréite Inslithe	6
Iomlán		44

Mar sin féin, aithníonn an tionscal an tionchar claochlaitheach a bheidh ag MNT ar an earnáil, le 86 faoin gcéad de ghnólachtaí móra i dtaighde EY ag cur béime ar thábhacht MNT do thodhchaí an tionscail. Tá earnáil na tógála ag éirí níos seachtraí agus níos tionsclaithe, níos idirnáisiúnaithe, níos comhdhlúite, agus beidh deiseanna ann chomh maith le dúshláin do ghníomhairí seanbhunaithe agus nua. Níl an claochlú seo gan rioscaí, agus tá aird mhór tarraingthe ag forbairtí le déanaí do ghnólachtaí MNT i dtionscal tógála na Ríochta Aontaithe. Tá sé ríthábhachtach gur féidir le tionscal tógála na hÉireann glacadh leis na deiseanna agus na tairbhí a chuireann MNT ar fáil a sholáthar le samhlacha gnó athléimneacha.

Éileoidh sé sin ar an earnáil feidhmiú ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíocht agus nuálaíocht, barr feabhais oibríochta, comhlíonadh, géire intinne airgeadais, agus le cumas seachadadh a chur i gcrích ag leibhéal luais agus éifeachtúlachta den chéad scoth. I gcás déantúsaíochta, i dtéarmaí simplí, is féidir acmhainn níos mó a bhaint amach trí fhoireann bhreise a earcú agus trí threalamh déantúsaíochta breise nó níos nua a úsáid. Tá sé léirithe ag an tionscal in Éirinn go bhfuil sé in ann acmhainn a mhéadú go tapa le tionscadail ar nós cóiríocht mhodúlach do dhídeanaithe ón Úcráin. D'fhás cuideachtaí frámaí adhmaid a n-aschur go tapa le trí bliana anuas chun 48 faoin gcéad de thithe scéime a bhaint amach²⁷.

Saincheist a luaitear go coitianta do chuideachtaí déantúsaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh a n-acmhainn a mhéadú ná an riosca éilimh ar an margadh. Faoi láthair, d'fhéadfadh monaróirí a bheith in amhras go leanfadh éileamh comhsheasmhach intuartha sa mheántearma agus san fhadtearma. Is féidir leis sin faichill a chur le cinntí gnó ar nós ceannacháin trealaimh, agus d'fhéadfadh go mbeadh tréimhse feithimh sheachadta ag cuid acu de 12-24 mí.

²⁷ Suirbhé Chumann Déantóirí Frámaí Adhmaid na hÉireann luaite in [Timber Frame – Irish Timber Frame Manufacturers Association - \(constructionnews.ie\)](https://www.constructionnews.ie)

5.1 Toilleadh, cumas agus táirgiúlacht ar leibhéal an ghnólachta a fhorbairt

Tríd an gclár ‘Tógtha chun Nuála’ de chuid Fhiontraíocht Éireann, is féidir le tógálaithe tithe baile, agus monaróirí MNT a bhaineann leis an tógáil chónaithe, leas a bhaint as deontais Lean agus dhigiteacha anois, agus maoiniú do thionscadail taighde agus nuálaíochta intí.

Sa chéad bhliain oibríochta sheol Tógtha chun Nuála sraith tacaíochtaí Lean, Digiteacha agus Nuálaíochta don tionscal cónaithe baile. Cuireadh roinnt tionscadal eiseamláireach ar fáil le comhlachtaí ar nós Clancy Construction agus Cygnum. Tríd is tríd, glacadh go láidir le tacaíochtaí, go háirithe ó mhonaróirí córas lasmuigh den láthair, mar shampla frámaí adhmaid. Tá éagsúlacht scála ag baint leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil go dtí seo. Baineadh úsáid as tacaíochtaí de chineál níos lú, scóipe amhail an Dearbhán Fionnachtana Digití nó Lean Start chun tagarmharcáil a dhéanamh ar an áit a bhfuil gnólachtaí agus pleananna a fhorbairt do thionscadail níos mó. De ghnáth is meascán iad na tionscadail mhóra de chur chun feidhme na gcóras digiteach agus Lean araon. D'fhéadfadh forbairt córas, oiliúint agus tacaíocht comhairleoireachta sheachtrach a bheith i gceist leo. Tá fócas na dtacaíochtaí nuálaíochta a seachadadh dírithe den chuid is mó ar bharrfheabhsú na gcóras lasmuigh den láthair trí dhearadh agus breisluach i suíomhanna monarchan.

Is minic a bhíonn aidhmeanna inbhuanaitheachta comhlántacha ag tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoi Tógtha chun Nuála. Tá fócas láidir ag tionscadail Lean agus Oibriúcháin Barr Feabhais (Lean agus digiteach le chéile) ar laghdú dramhaíola i bhfiontair. Tá cur i bhfeidhm MNT agus leibhéal níos mó de Luach Réamh-Mhonaraithe (LRM) a bheith ann mar chuid den straitéis Tógtha chun Nuála agus d'fhéadfaí tacú leo trí mhaoiniú nuálaíochta féideartha. Is féidir le méadú ar úsáid MNT i dtógáil tithe tionchar suntasach a oibriú ar chur amú ábhar.

I gcomhthéacs sheachadadh an Chláir um Sheachadadh Luathaithe Tithíochta Sóisialta agus deiseanna méadaithe MNT ar fud réimse na mbealaí seachadta tithíochta sóisialta agus inacmhainne, agus soláthar cóiríochta do mhic léinn, is féidir le Fiontraíocht Éireann cabhrú le feachtas ar an slabhra soláthair tógála trí, mar shampla, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara agus imeachtaí den chineál “buail leis an gceannaitheoir”.

Garspíoc 23. Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Tógtha chun Nuála (lena n-áirítear aiseolas ón tionscal) agus an tairiscint a oiriúnú, de réir mar is cuí.

Amlíne: R2 2024

Úinéir: RFTF

5.2 Ceannaireacht ghnó agus cumas bainistíochta a neartú

Tugann fianaise le fios nach scaiptear gnóthachain ón digitiú go cothrom ar fud ghnólachtaí. Baineann na gnólachtaí sin a bhfuil bainisteoirí níos fearr acu agus scileanna eagrúcháin níos fearr tairbhe dhíríreach as an nglacadh digiteach. Ar bhonn níos leithne, beidh glúin cheannairí ardoilte ag teastáil ón earnáil tógála a bhfuil na scileanna agus an taithí acu chun dul i ngleic le clochlú na hearnála agus chun leas a bhaint as na deiseanna a thugann an cur isteach do ghnólachtaí Éireannacha. Tá réimse clár oiliúna ceannaireachta agus bainistíochta ag Skillnet Éireann agus Fiontraíocht Éireann inar féidir le gnólachtaí san earnáil tógála páirt a ghlacadh iontu.

Cé go bhfuil an glacadh le cúrsaí den sórt sin íseal go dtí seo, tá cúrsaí breise beartaithe, a chlédaíonn réimsí cosúil le bainistíocht tionscadail le reo dearaidh, caidrimh thráchtála, agus struchtúir, agus conas cultúr comhoibríoch a chruthú. Mar shampla, tá clár ‘Transform Your Business’ ann a bhaineann go sonrach leis an tógáil ar fáil anois. Cuireann ‘Transform Your Business’ tacaíochtaí spriocdhírithé ar fáil chun cabhrú le FBMna ar fud na hÉireann a ghnó a chothú agus a fheabhsú.

Garspíoc 24. Oiliúint spriocdhírithé forbartha ceannaireachta a sheachadadh don earnáil tógála cónaithe chun leanúint ar aghaidh; le díriú ar cheannaireacht cuideachtaí, bainistíocht athruithe agus cumais bainistíochta airgeadais a neartú, le hionchur ó Fhiontraíocht Éireann

Amlíne: Ar siúl faoi láthair

Úinéir: Skillnet Éireann agus Fiontraíocht Éireann

5.3 Digitiú

Tá clár oibre an Rialtais maidir le digitiú tógála dírithe ar Shamhaltú Faisnéise Foirgníochta (SFF). Is próiseas é SFF chun faisnéis dhigiteach a chruthú agus a eagrú faoi fhoirgnimh agus oibreacha innealtóireachta sibhialta. Ceann de phríomh-aschuir an phróisis sin is ea an tsamhail faisnéise. Cuimsíonn SFF cur síos digiteach ar gach gné den tsócmhainn thógtha. Ag baint úsáid as samhail SFF, is féidir le foirne tionscadail comhoibriú, faisnéis a roinnt, agus monatóireacht a dhéanamh ar chostais tionscadail agus carbón corpraithe ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Build Digital, a bunaíodh faoi Thionscadal Éireann 2040, leibhéal na húsáide digití agus na nuálaíochta digití in earnáil tógála na hÉireann a mhéadú. Tacóidh deontas €2.5 milliún ón RCPSPA leis an tionscadal Build Digital thar thréimhse cúig bliana chun glacadh digiteach a sheachadadh ar fud earnáil iomlán tógála agus timpeallachta tógtha na hÉireann. Tá an tionscadal bunaithe ar chúig cholún de ghníomhaíochtaí idirnasctha, agus oibreoidh gach ceann acu le saineolaithe sa réimse sin chun dea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta a oiriúnú chun cúrsaí tógála na hÉireann a athrú ó bhonn. Déanfaidh gach colún tacaíochtaí i bhfoirm trealaimh uirlisí, teorach, eiseamláirí agus teimpléad a tháirgeadh, le hidir-inoibritheacht iomlán agus a bheith eolach ar riachtanais na bpáirtithe

leasmhara uile. Cuirtear na tacaíochtaí sin ar fáil go hoscailte trí Mhol Malartaithe Digiteach Thógáil na hÉireann²⁸.

Tacóidh obair an Tionscadail Build Digital leis an tionscal an cumas a fhorbairt chun riachtanais shainordú SFF a chomhlíonadh mar a leagtar amach i **nGarsprioc 7** iad.

5.4 Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht san Fhoirgníocht

Ceann de na modhanna is mó atá cruthaithe go seasta chun iomaíochas agus táirgiúlacht ghnó a fheabhsú ná leibhéil taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN) a mhéadú. Mar sin féin, níl ach líon beag cuideachtaí tógála ag gabháil do ghníomhaíocht T&F.

Chun borradh a chur faoi ghníomhaíocht T&F na hearnála tógála, sheol RFTF (le Fiontraíocht Éireann) Construct Innovate in 2022. Is ionad taighde agus forbartha atá sonrach don tógáil agus faoi stiúir an tionscail é sin, a léiríonn an plean is déanaí ar Chomhchlár Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann agus an GFT. Chun a chinntiú go ndéanfaidh sé soláthar do thithíocht, beidh sé dírithe ar phríomhdhúshláin tionscail agus ar nuálaíocht sa tógáil chónaithe sna chéad trí bliana a bheidh sé ag feidhmiú. Tá maoiniú tosaigh de €5m ag Construct Innovate thar 5 bliana, agus is cuibhreannas é atá á óstáil ag Ollscoil na Gaillimhe a chuimsíonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, OT Bhaile Átha Cliath, agus Comhairle Foirgneamh Glas na hÉireann.

Is dúshlán é cultúr nuálaíochta agus taighde agus forbartha a fhorbairt in earnáil nach bhfuil mórán staire aici sa spás sin. Trí léiriú a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag T&F ar an earnáil tógála, gnólachtaí a nochtadh don dul chun cinn is déanaí i dteicneolaíocht na tógála, agus trí dheis a thabhairt dóibh idirghníomhú le cuideachtaí cosúil leo, beidh tionchar a d'fhéadfadh a bheith claochlaitheach ag Construct Innovate ar an earnáil tógála chónaithe. Tá dul chun cinn á dhéanamh chun an cultúr nuálaíochta sin a fhorbairt. I mí an Mheithimh 2023, sheol Ollscoil na Gaillimhe (ósteagraíocht Construct Innovate) Dioplóma Iarchéime páirtaimseartha nua bliana sa Nuálaíocht Foirgníochta a bhfuil sé mar aidhm aige an t-eolas agus na príomhscileanna is gá a thabhairt do mhic léinn chun réitigh inbhuanaithe teicneolaíochta a fhorbairt ar na dúshláin atá roimh earnáil na tógála agus na timpeallachta tógtha in Éirinn.

Ina theannta sin, chun tús a chur le taighde don earnáil tógála cónaithe, chuir RFTF (ag obair le Roinn an Taoisigh) €0.5m breise ar fáil trí Chiste an Chláir Um Thaighde Feidhmeach, Scaipeadh agus Taispeántas Tithíochta Luathaithe (CTFSTTL) 2023.

Tá ábharthacht dhíreach ag roinnt de na tionscadail CTFSTTL maidir le MNT; lena n-áirítear:

²⁸ [Tionscadal Build Digital](#)

- measúnú bonnlíne ar eolas foriomlán agus ar dhearcthaí i leith MNT agus faisnéis láidir a sholáthar maidir lena bhfuil ag teastáil chun tairbhí MNT a chur in iúl;
- taighde ar conas athúsáid ábhar tógála (Dearadh le haghaidh Athúsáide, D4R) a ionchorprú i nDearadh do Dhéantúsaíocht agus Cóimeáil (DdDC), príomhchumasóir MNT, ina leagtar amach bealach chun a chinntiú gur féidir tacú le DdDC agus D4R i seachadadh tithíochta (lena n-áirítear tithíocht shóisialta); agus
- Ionad tástála a fhorbairt le haghaidh tástáil réiteach clúdaigh a éascóidh cruthú réiteach cumhdaigh sheachtraigh d'fhoirgnimh chónaithe agus, ar deireadh thiar, a éascóidh aistriú chuig comhpháirt déantúsaíochta níos mó lasmuigh den láthair i gcórais phainéalaithe (go háirithe frámaí adhmaid).

Leanann Construct Innovate ar aghaidh plé go gníomhach le páirtithe leasmhara an tionscail, ag cur ballraíochta san Ionad chun cinn agus ag lorg dúshláin taighde atá faoi stiúir an tionscail. Chomh maith leis sin, bíonn Construct Innovate i dteagmháil go rialta le RFTF, RTRÁO, agus Fiontraíocht Éireann chun tionscadail taighde bhreise a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh a chuirfeadh glacadh le MNT níos forleithne chun cinn san earnáil tógála chónaithe chun tacú le seachadadh *Tithíocht do Chách*.

Garspíoc 25. Construct Innovate chun taighde a chur i gcrích ar thionscadail Chiste CTFSTTL agus na torthaí a fhoilsiú.

Amlíne: R4 2023

Úinéir: Construct Innovate

6. Cur i bhFeidhm agus Cumarsáid Éifeachtach Bheartais

6.1 Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT

Chun forbairt bhreise agus glacadh níos mó le MNT sa tógáil chónaithe a bhrú chun cinn, bhunaigh RFTF Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT tras-Rannach agus tras-Ghníomhaireachta (ag leibhéal an Rúnaí Chúnta). Tugann an Grúpa lucht déanta beartas le chéile atá ábhartha do rath na hearnála tógála, lena n-áirítear lucht déanta beartas nuálaíochta, soláthair phoiblí, inbhuanaitheachta, tithíochta agus an chláir oibre oideachais agus scileanna.

Tá gníomhartha á sainnithint agus á gcur chun cinn ag an nGrúpa chun dlús a chur leis an nuálaíocht agus le glacadh MNT sa tógáil chónaitheach, lena n-áirítear an Treochlár seo um ghlacadh níos mó le MNT i soláthar Tithíochta Poiblí, agus tá sé mar phríomhchuspóir aige freisin a chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite ann ar fud tionscnaimh agus eintitis éagsúla a bhfuil ról acu MNT a chur chun cinn.

Feidhmíonn Grúpa Earnála Tógála an Rialtais Foghrúpa um Nuálaíocht agus Glacadh Digiteach, atá ag cur tionscnamh chun cinn ar bhonn níos leithne don earnáil tógála. Tá ionadaíocht ag an bhFoghrúpa ar an nGrúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT agus soláthraíonn sé droichead tábhachtach do raon níos leithne pháirtithe leasmhara an tionscail, comhlachtaí gairmiúla agus gníomhaireachtaí.

Garsprioc 26. Déanfaidh an Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe MNT maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar fhorbairt bhreise an Treochláir seo um ghlacadh níos mó le MNT i Soláthar Tithíochta Poiblí, bunaithe ar rannpháirtíocht le geallsealbhóirí intíre agus idirnáisiúnta, agus leanfaidh sé ar aghaidh bualadh le chéile go míosúil; Leanfaidh RTRÁO ar aghaidh seachadadh MNT a chomhordú trí chomhlachtaí seachadta tithíochta.

Amlíne: R2 2024

Úinéir: RFTF & RTRÁO

6.2 Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara an Tionscail

I mí Feabhra 2023, d'óstáil RFTF an chéad imeacht rannpháirtíochta pháirtithe leasmhara MNT – ‘Comhar chun Nuála’ a thug deis do pháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach breithniú a dhéanamh i dteannta a chéile ar phríomhthionscnaimh thionscail agus bheartais agus ar dhúshlán a bhaineann le glacadh MNT sa tógáil chónaithe.

Garspíoc 27. Imeachtaí breise pháirtithe leasmhara MNT Comhar chun Nuála a thionól gach bliain.

Amlíne: Gach bliain

Úinéir: RFTF & RTRÁO

6.3 Feasacht agus tuiscint ghinearálta a fhorbairt faoi MNT

D'fhéadfadh luas an chlaochlaithe sa tógáil mar gheall ar chuir chuige MNT a bheith ina chúis imní agus faitís do go leor daoine, agus go deimhin d'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhac ar éileamh foirgneamh a tógadh le modhanna nuálacha agus ar an nglacadh leo. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh faisnéis ardchaighdeáin ar fáil ina leagtar amach níos mó sonraí ar MNT.

Garspíoc 28. Leabhrán eolais ar MNT a fhoilsiú a thabharfaidh treoir i mBéarla simplí maidir le sainmhínte agus tairbhí MNT.

Amlíne: R3 2023

Úinéir: RTRÁO tríd an GCC MNT



**An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta**
Department of Enterprise,
Trade and Employment



**An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht**
Department of Housing,
Local Government and Heritage

